Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2021/0376(COD)

16.5.2022

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE maidir le socruithe tarmligin, bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha
(COM(2021)0721 – C9-0439/2021 – 2021/0376(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir don tuairim: Isabel Benjumea Benjumea

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann an leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus ar athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 72

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/61/AE agus Treoir 2009/65/CE maidir le socruithe tarmligin, bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha (COM(2021)0721 – C9-0439/2021 – 2021/0376(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0721),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0439/2021),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir le gníomhartha tarmligthe a úsáid,

– ag féachaint do Rialacha 59, 40 agus 41 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. ag formheas a ráitis atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Chun éifeachtúlacht gníomhaíochtaí BCIM a mhéadú, ba cheart liosta na seirbhísí coimhdeacha údaraithe a leagtar amach in Airteagal 6(4) de Threoir 2011/61/AE a leathnú chun riarachán tagarmhairc faoi rialú Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] agus seirbhísithe creidmheasa faoi rialú Threoir 2021/…./AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chuimsiú.[28]	(3) Chun éifeachtúlacht gníomhaíochtaí BCIM a mhéadú, ba cheart liosta na seirbhísí coimhdeacha údaraithe a leagtar amach in Airteagal 6(4) de Threoir 2011/61/AE a leathnú chun riarachán tagarmhairc faoi rialú Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] agus seirbhísithe creidmheasa faoi rialú Threoir 2021/…./AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] ***agus aon seirbhís choimhdeach eile nach ndéantar a rialú mar sheirbhís infheistíochta faoi Threoir 2014/65/AE a chuimsiú, seirbhís arb ionann í agus leanúint de na seirbhísí atá á ndéanamh cheana ag BCIM nó úsáid inniúlachtaí inmheánacha, agus nach gcruthaíonn coinbhleachtaí leasa nach bhféadfaí a bhainistiú le rialacha breise***.
[27] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lgh. 1-65).	[27] Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (IO L 171, 29.6.2016, lgh. 1-65).
[28] IO C , , lch. .	[28] IO C , , lch. .

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Chun ***deimhneacht*** dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil BCIManna a sholáthraíonn seirbhísí coimhdeacha lena mbaineann ionstraimí airgeadais faoi réir na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29]. Maidir le sócmhainní eile, nach ionstraimí airgeadais iad, ba cheart a cheangal ar BCIManna ceanglais Threoir 2011/61/AE a chomhlíonadh.	(4) Chun ***deimhneacht*** dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart a shoiléiriú go bhfuil BCIManna a sholáthraíonn seirbhísí coimhdeacha lena mbaineann ionstraimí airgeadais faoi réir na rialacha a leagtar síos i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29]. Maidir le sócmhainní eile, nach ionstraimí airgeadais iad, ba cheart a cheangal ar BCIManna ceanglais Threoir 2011/61/AE a chomhlíonadh.
[29] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).	[29] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Chun forléargas iontaofa a fhorbairt ar ghníomhaíochtaí tarmligin san Aontas atá faoi rialú Airteagal 20 de Threoir 2011/61/AE agus chun a bheith ina mbonn faisnéise do bheartais nó ghníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanfar amach anseo, ba cheart do na húdaráis inniúla fógraí tarmligin a sholáthar don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ('ÚEUM') i gcás ina dtarmligeann BCIM níos mó bainistiú punainne, nó feidhmeanna bainistíochta riosca an CIM, ná mar a bhainistíonn sé féin, chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú	***scriosta***

tíortha.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach phróiseas an fhógartha sa réimse tarmligin a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] chun ábhar, foirmeacha agus nósanna imeachta a shonrú chun próiseas fógartha shocruithe tarmligin BCIManna a chaighdeánú. Ba cheart réimsí sonraí a bheith san fhoirm fógartha, lena léirítear na gníomhaíochtaí lena gcomhdhéantar feidhmeanna bainistíochta riosca nó bainistithe punainne chun a chinneadh ar tharmlig BCIM níos mó feidhmeanna den sórt sin ná mar a choimeád sé. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM.	***scriosta***

---

[30] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón

gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Ní hé i gcónaí gur BCIM a dhéanann margú ar CIManna, ach gur dáileoir amháin nó níos mó a dhéanann amhlaidh, thar ceann an BCIM nó thar a gceann féin. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin ina ndéanann comhairleoir airgeadais neamhspleách, ciste a mhargú gan BCIM a bheith ar an eolas faoi. Tá formhór na ndáileoirí cistí faoi réir ceanglais rialála de bhun Threoir 2014/65/AE nó Threoir 2016/97/AE, lena sainítear raon feidhme agus méid a bhfreagrachtaí i leith a gcliant féin. Ba cheart, dá bhrí sin, éagsúlacht na socruithe dáileacháin a aithint i dTreoir 2011/61/AE agus idirdhealú a dhéanamh idir socruithe ina n-oibríonn dáileoir thar ceann BCIM, ar cheart a mheas gur socrú tarmligin é, agus socruithe ina ngníomhaíonn dáileoir thar a cheann féin, agus sa chás sin níor cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treorach sin maidir le tarmligean.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ba cheart comhrialacha a leagan síos chun margadh inmheánach éifeachtúil le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a bhunú, chun leibhéal aonfhoirmeach cosanta infheisteoirí san Aontas a áirithiú, chun go bhféadfadh CIManna a ngníomhaíochtaí a fhorbairt trí iasachtaí a thionscnamh i mBallstáit uile an Aontais agus chun rochtain ar mhaoiniú a éascú ag cuideachtaí AE, ar príomhchuspóir Aontas na Margaí Caipitil ('CMU') é.[31] Mar sin féin, i bhfianaise an mhargaidh creidmheasa phríobháidigh atá ag fás go tapa, is gá aghaidh a thabhairt ar na rioscaí micreastuamachta agus macrastuamachta a d'fhéadfadh a bheith ann, a d'fhéadfadh a bheith i gceist le CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí agus a bhféadfaidís iad a scaipeadh chuig an gcóras airgeadais go ginearálta. Ba cheart na rialacha is infheidhme maidir le BCIManna a bhainistíonn cistí lena dtionscnaítear iasachtaí a chomhchuibhiú chun feabhas a chur ar bhainistíocht riosca ar fud an mhargaidh airgeadais agus chun trédhearcacht le haghaidh infheisteoirí a mhéadú.	(9) ***Féadfaidh cistí infheistíochta lena gcuirtear iasachtaí ar fáil a bheith ina bhfoinse maoiniúcháin mhalartaigh don fhíorgheilleagar. Go deimhin, féadfaidh na cistí sin cistiú ríthábhachtach a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide an Aontais a bhfuil sé níos deacra dóibh foinsí traidisiúnta iasachtaithe a rochtain. Thairis sin, ba cheart luach an chreidmheasa phríobháidigh a aithint ó thaobh muinín infheisteoirí as margadh an Aontais a chur chun cinn. Mar sin féin, déanann cineálacha éagsúla cur chuige rialála náisiúnta bac a chur ar bhunú margaidh inmheánaigh éifeachtúil le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí trí arbatráiste rialála agus leibhéil éagsúla cosanta infheisteoirí a chur chun cinn. Dá bhrí sin,*** ba cheart comhrialacha a leagan síos chun margadh inmheánach éifeachtúil le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí a bhunú, chun leibhéal aonfhoirmeach cosanta infheisteoirí san Aontas a áirithiú, chun go bhféadfadh CIManna a ngníomhaíochtaí a fhorbairt trí iasachtaí a thionscnamh i mBallstáit uile an Aontais agus chun rochtain ar mhaoiniú a éascú ag cuideachtaí AE, ar príomhchuspóir Aontas na Margaí Caipitil ('CMU') é.[31] Mar sin féin, i bhfianaise an mhargaidh creidmheasa phríobháidigh atá ag fás go tapa, is gá aghaidh a thabhairt ar na rioscaí micreastuamachta agus macrastuamachta a d'fhéadfadh a bheith ann, a d'fhéadfadh a bheith i gceist le CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí agus a bhféadfaidís iad a scaipeadh chuig an gcóras airgeadais go ginearálta. Ba cheart na rialacha is infheidhme maidir le BCIManna a bhainistíonn cistí lena dtionscnaítear iasachtaí a chomhchuibhiú chun feabhas a chur ar bhainistíocht riosca ar fud an mhargaidh airgeadais agus chun trédhearcacht le haghaidh infheisteoirí a

	mhéadú. ***Mar sin féin, ba cheart a mheabhrú nach rialaítear táirgí infheistíochta sonracha le Treoir 2011/61/AE.***
[31] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas na margaí caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí - plean gníomhaíochta nua (COM/2020/590 final).	[31] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Aontas na margaí caipitil do dhaoine agus do ghnólachtaí - plean gníomhaíochta nua (COM/2020/590 final).

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Chun coinbhleachtaí leasa a theorannú, níor cheart do BCIManna agus dá bhfoireann iasachtaí a fháil ó na CIManna atá á mbainistiú acu ar CIManna iad lena dtionscnaítear iasachtaí. Ar an gcuma chéanna, ba cheart cosc a chur ar thaisce CIM agus ar a fhoireann nó ar thoscaire BCIM agus a fhoireann iasachtaí a fháil ó na CIManna gaolmhara.	(12) Chun coinbhleachtaí leasa a theorannú, níor cheart do BCIManna agus dá bhfoireann iasachtaí a fháil ó na CIManna atá á mbainistiú acu ar CIManna iad lena dtionscnaítear iasachtaí. Ar an gcuma chéanna, ba cheart cosc a chur ar thaisce CIM agus ar a fhoireann nó ar thoscaire BCIM agus ar a fhoireann ***nó ar eintitis laistigh den ghrúpa céanna leis an BCIM agus ar a bhfoireann*** iasachtaí a fháil ó na CIManna gaolmhara.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Le Treoir 2011/61/AE ba cheart an	(13) Le Treoir 2011/61/AE ba cheart an

ceart atá ag CIManna iasachtaí a thionscnamh agus na hiasachtaí sin a thrádáil ar an margadh tánaisteach a aithint. ***Chun baol morálta a sheachaint agus chun caighdeán creidmheasa ginearálta na n-iasachtaí arna dtionscnamh ag CIManna a choimeád,*** ba cheart ***iasachtaí den sórt sin a bheith faoi réir ceanglais coinneála riosca chun cásanna a sheachaint*** ina dtionscnaítear iasachtaí agus d'aon toisc chun iad a dhíol.

ceart atá ag CIManna iasachtaí a thionscnamh agus na hiasachtaí sin a thrádáil ar an margadh tánaisteach a aithint. ***Mar sin féin, níor*** cheart ***do CIManna straitéis infheistíochta 'tionscain agus dáil' a leanúint, eadhon straitéis infheistíochta faoina*** dtionscnaítear iasachtaí agus d'aon toisc chun iad a dhíol.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) D'fhéadfadh iasachtaí fadtéarmacha neamhleachtacha atá i seilbh CIM bearnaí leachtachta a chruthú dá mbeadh infheisteoirí in ann a n-aonaid cistí nó a scaireanna a fhuascailt go minic le struchtúr neamhiata CIManna. ***Dá bhrí sin,*** is gá rioscaí a bhaineann le claochlú aibíochta a mhaolú trí struchtúr iata a fhorchur le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí mar ní bheadh leochaileacht ag cuideachta infheistíochta a bhfuil caipiteal seasta aici d'éilimh fuascailte agus d'fhéadfaidís iasachtaí arna dtionscnamh a choinneáil go dtí aibíocht.	(14) ***D'fhéadfadh*** iasachtaí fadtéarmacha neamhleachtacha atá i seilbh CIM bearnaí leachtachta a chruthú dá mbeadh infheisteoirí in ann a n-aonaid cistí nó a scaireanna cistí a fhuascailt go minic le struchtúr neamhiata CIManna. ***Dá bhrí sin, i gcás nach bhfuil BCIM in ann a léiriú d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile go bhfuil stóinseacht leachtachta ag an CIM***, is gá rioscaí a bhaineann le claochlú aibíochta a mhaolú trí struchtúr iata a fhorchur le haghaidh CIManna lena dtionscnaítear iasachtaí mar ní bheadh leochaileacht ag cuideachta infheistíochta a bhfuil caipiteal seasta aici d'éilimh fuascailte agus d'fhéadfaidís iasachtaí arna dtionscnamh a choinneáil go dtí aibíocht. ***Chun critéir chomhsheasmhacha a áirithiú maidir le cinneadh na n-údarás inniúil i dtaobh an bhfuil stóinseacht leachtachta léirithe ag CIM chun na gcríoch sin, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar***

Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] chun na critéir sin a bhunú. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM.

[1a] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Mar ullmhúchán do na hathruithe a dhéanfar amach anseo ar oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta, ba cheart raon feidhme na sonraí is féidir a éileamh ar BCIManna a leathnú trí na teorainneacha a bhaint, ar teorainneacha iad a dhírítear ar mhórthrádálacha, ar neamhchosaintí móra nó ar chontrapháirtithe. Dá gcinnteodh ÚEUM go bhfuil údar le nochtadh punainne iomláin ar bhonn tréimhsiúil, ba cheart freastal ar leathnú riachtanach an raon feidhme tuairiscithe le forálacha Threoir 2011/61/AE.	(17) Mar ullmhúchán do na hathruithe a dhéanfar amach anseo ar oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta, ba cheart raon feidhme na sonraí is féidir a éileamh ar BCIManna a leathnú trí na teorainneacha a bhaint, ar teorainneacha iad a dhírítear ar mhórthrádálacha, ar neamhchosaintí móra nó ar chontrapháirtithe ***agus trí chatagóirí eile sonraí a chur leis a bheidh le soláthar d'údaráis inniúla***. Dá gcinnteodh ÚEUM go bhfuil údar le nochtadh punainne iomláin ar bhonn tréimhsiúil, ba cheart freastal ar leathnú riachtanach an raon feidhme tuairiscithe le forálacha Threoir 2011/61/AE.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Chun a chur ar chumas bhainisteoirí CIManna neamhiata atá lonnaithe in aon Bhallstát déileáil le brúnna fuascailte faoi dhálaí anáis sa mhargadh, ba cheart a cheangal orthu UBL amháin ar a laghad a roghnú ón liosta comhchuibhithe a leagtar amach san Iarscríbhinn, de bhreis ar an bhféidearthacht fuascailtí a chur ar fionraí. Nuair a ghlacann BCIM cinneadh chun ***UBL*** a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, ba cheart dó fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta. D'fhágfadh sé sin go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta in ann iarmhairtí teannais leachtachta sa mhargadh níos leithne.a láimhseáil ar bhealach níos fearr.	(21) Chun a chur ar chumas bhainisteoirí CIManna neamhiata atá lonnaithe in aon Bhallstát déileáil le brúnna fuascailte faoi dhálaí anáis sa mhargadh, ba cheart a cheangal orthu UBL amháin ar a laghad a roghnú ón liosta comhchuibhithe a leagtar amach san Iarscríbhinn, de bhreis ar an bhféidearthacht fuascailtí a chur ar fionraí. Nuair a ghlacann BCIM cinneadh chun ***UBLanna áirithe*** a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú ***i gcásanna struis leachtachta***, ba cheart dó fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta. D'fhágfadh sé sin go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta in ann iarmhairtí teannais leachtachta sa mhargadh níos leithne a láimhseáil ar bhealach níos fearr.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach i réimse an bhainistithe priacail leachtachta ag bainisteoirí na gcistí frithpháirteacha a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE)	(23) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach i réimse an bhainistithe priacail leachtachta ag bainisteoirí na gcistí frithpháirteacha a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE)

Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] chun an próiseas a shonrú maidir le UBLanna a roghnú agus a úsáid chun cóineasú sa mhargadh agus cóineasú maoirseachta a éascú. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM.	Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42] chun an próiseas a shonrú maidir le UBLanna a roghnú agus a úsáid chun cóineasú sa mhargadh agus cóineasú maoirseachta a éascú. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM. ***Ba cheart a aithint sna caighdeáin sin gur ar BCIM i gcónaí an phríomhfhreagracht as bainistiú priacail leachtachta.***
[42] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).	[42] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú ***agus chun aghaidh a thabhairt ar*** rioscaí cobhsaíochta airgeadais, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a iarraidh ar bhainisteoir ciste frithpháirtigh an UBL iomchuí a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.	(24) Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú ***i gcás ina bhfuil*** rioscaí cobhsaíochta airgeadais***, in imthosca eisceachtúla agus tar éis dul i gcomhairle leis an mbainisteoir lena mbaineann,*** ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a iarraidh ar bhainisteoir ciste frithpháirtigh an UBL iomchuí a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Chun tacú le cóineasú maoirseachta sa réimse tarmligin, ba cheart do ÚEUM piara-athbhreithnithe ar na cleachtais mhaoirseachta a dhéanamh agus béim ar leith a chur ar chruthú eintiteas bosca poist a chosc. Chuirfeadh an anailís ar phiara-***athbhreithnithe*** a dhéanfaidh ÚEUM leis an athbhreithniú ar na bearta a glacadh sa Treoir seo agus cuirfear in iúl leis do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir le haon bhearta breise a bhféadfadh gá a bheith leo chun tacú le héifeachtacht na gcóras tarmligin a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE.	(28) Chun tacú le cóineasú maoirseachta sa réimse tarmligin, ba cheart do ÚEUM piara-athbhreithniú ar na cleachtais mhaoirseachta a dhéanamh agus béim ar leith a chur ar chruthú eintiteas bosca poist a chosc. Chuirfeadh an anailís ar an bpiara-***athbhreithniú*** a dhéanfaidh ÚEUM leis an athbhreithniú ar na bearta a glacadh sa Treoir seo agus cuirfear in iúl leis do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir le haon bhearta breise a bhféadfadh gá a bheith leo chun tacú le héifeachtacht na gcóras tarmligin a leagtar síos i dTreoir 2011/61/AE.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 28 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28a) Ní hé i gcónaí gur cuideachta bainistíochta a dhéanann margú ar GCUI ach gur dáileoir amháin nó níos mó a dhéanann amhlaidh, thar ceann na cuideachta bainistíochta nó thar a gceann féin. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin ina ndéanfadh comhairleoir airgeadais neamhspleách ciste a mhargú gan an chuideachta bainistíochta a bheith ar an eolas faoi. Tá formhór na ndáileoirí cistí faoi réir ceanglais rialála de bhun Threoir 2014/65/AE nó Threoir 2016/97/AE, lena sainítear raon feidhme agus méid a bhfreagrachtaí i leith a gcliant féin. Ba cheart, dá bhrí sin,

éagsúlacht na socruithe dáileacháin a aithint i dTreoir 2009/65/CE agus idirdhealú a dhéanamh idir socruithe ina n-oibríonn dáileoir thar ceann na cuideachta bainistíochta, ar cheart a mheas gur socrú tarmligin é, agus socruithe ina ngníomhaíonn dáileoir thar a cheann féin, agus sa chás sin níor cheart feidhm a bheith ag forálacha na Treorach sin maidir le tarmligean.

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ní bhíonn soláthar iomaíoch ar sheirbhísí taisce ag roinnt margaí comhchruinnithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas soláthraithe seirbhíse sin a bhféadfadh costais níos mó do BCIManna agus margadh CIM nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna a bheith mar thoradh air, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann cead a thabhairt do BCIManna nó do CIManna seirbhísí taisce atá lonnaithe i mBallstáit eile a sholáthar agus an Coimisiún ag déanamh measúnú ar, i gcomhthéacs athbhreithnithe ar Threoir 2011/61/AE uaidh, arbh iomchuí é bearta a mholadh chun margadh níos comhtháite a bhaint amach.	(29) Ní bhíonn soláthar iomaíoch ar sheirbhísí taisce ag roinnt margaí comhchruinnithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas soláthraithe seirbhíse sin a bhféadfadh costais níos mó do BCIManna agus margadh CIM nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna a bheith mar thoradh air, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann cead a thabhairt do BCIManna nó do CIManna seirbhísí taisce atá lonnaithe i mBallstáit eile a sholáthar agus an Coimisiún ag déanamh measúnú ar, i gcomhthéacs athbhreithnithe ar Threoir 2011/61/AE uaidh, arbh iomchuí é bearta a mholadh chun margadh níos comhtháite a bhaint amach. ***Mar chuid den athbhreithniú sin, ba cheart don Choimisiún staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar na tairbhí agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le pas taisce de chuid an Aontais a thabhairt isteach, go háirithe i dtéarmaí costais a laghdú, rogha a chumasú maidir le seirbhísí taisce níos iomaíche ó Bhallstáit eile agus na roghanna atá ar fáil do bhainisteoirí a leathnú.***

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Chun cosaint níos fearr a thabhairt d'infheisteoirí, ba cheart an sreabhadh faisnéise ó BCIManna go hinfheisteoirí CIM a mhéadú. Chun a chur ar chumas infheisteoirí CIM costais an chiste infheistíochta a rianú ar bhealach níos fearr, ba cheart do BCIManna ***na táillí a shainaithint a íocfaidh BCIM nó a chleamhnaithe, chomh maith le*** tuarascáil a thabhairt go tréimhsiúil maidir le gach táille agus muirir a leithdháiltear go díreach nó go hindíreach ar CIM n***ó ar aon cheann dá infheistíochtaí***. Ba cheart a cheangal ar BCIManna freisin tuarascáil a thabhairt d'infheisteoirí maidir le comhdhéanamh punainne na n-iasachtaí a thionscnaítear.	(31) Chun cosaint níos fearr a thabhairt d'infheisteoirí, ba cheart an sreabhadh faisnéise ó BCIManna go hinfheisteoirí CIM a mhéadú. Chun a chur ar chumas infheisteoirí CIM costais an chiste infheistíochta a rianú ar bhealach níos fearr, ba cheart do BCIManna tuarascáil a thabhairt go tréimhsiúil maidir le gach táille agus muirir a leithdháiltear go díreach nó go hindíreach ar CIM. Ba cheart a cheangal ar BCIManna freisin tuarascáil a thabhairt d'infheisteoirí maidir le comhdhéanamh punainne na n-iasachtaí a thionscnaítear.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Chun forléargas iontaofa a fhorbairt ar ghníomhaíochtaí tarmligin san Aontas atá faoi rialú Airteagal 13 de Threoir 2009/65/CE agus chun eolas a thabhairt i mbeartais nó i ngníomhaíochtaí maoirseachta a dhéanfar amach anseo, ba cheart do na húdaráis inniúla fógraí tarmligin a sholáthar do ÚEUM i gcás ina	***scriosta***

dtarmligeann cuideachta bainistíochta GCUI níos mó bainistiú punainne, nó feidhmeanna bainistíochta riosca, ná mar a bhainistíonn sé féin, chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach phróiseas an fhógartha sa réimse tarmligin a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] chun an t-ábhar, na foirmeacha agus na nósanna imeachta a shonrú chun próiseas fógartha shocruithe tarmligin GCUI a chaighdeánú. Ba cheart réimsí sonraí a bheith san fhoirm fógra lena léirítear na gníomhaíochtaí lena gcomhdhéantar feidhmeanna bainistíochta riosca agus bainistithe punainne chun a chinneadh ar tharmlig cuideachta bainistíochta GCUI níos mó feidhmeanna den sórt sin ná mar a choimeád sé. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh bunaithe ar dréacht arna fhorbairt ag ÚEUM.	***scriosta***

[45] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta

Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) Chun a chur ar chumas chuideachtaí bainistíochta GCUI atá lonnaithe in aon Bhallstát chun déileáil le brúnna fuascailte faoi dhálaí anáis sa mhargadh, ba cheart a cheangal orthu UBL amháin ar a laghad a roghnú ón liosta comhchuibhithe a leagtar amach san Iarscríbhinn, de bhreis ar an bhféidearthacht fuascailtí a chur ar fionraí. Nuair a ghlacann cuideachta bainistíochta cinneadh chun ***UBL*** a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, ba cheart dó fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta. D'fhágfadh sé sin go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta in ann iarmhairtí teannais leachtachta sa mhargadh níos leithne a láimhseáil ar bhealach níos fearr.	(42) Chun a chur ar chumas chuideachtaí bainistíochta GCUI atá lonnaithe in aon Bhallstát chun déileáil le brúnna fuascailte faoi dhálaí anáis sa mhargadh, ba cheart a cheangal orthu UBL amháin ar a laghad a roghnú ón liosta comhchuibhithe a leagtar amach san Iarscríbhinn, de bhreis ar an bhféidearthacht fuascailtí a chur ar fionraí. Nuair a ghlacann cuideachta bainistíochta cinneadh chun ***UBLanna áirithe*** a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú ***i gcásanna struis leachtachta***, ba cheart dó fógra a thabhairt do na húdaráis mhaoirseachta. D'fhágfadh sé sin go mbeadh na húdaráis mhaoirseachta in ann iarmhairtí teannais leachtachta sa mhargadh níos leithne a láimhseáil ar bhealach níos fearr.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú ***agus chun aghaidh a thabhairt ar*** rioscaí cobhsaíochta airgeadais, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a iarraidh ar chuideachta bainistíochta GCUI an UBL iomchuí a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.	(44) Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú ***i gcás ina bhfuil*** rioscaí cobhsaíochta airgeadais***, in imthosca eisceachtúla agus tar éis dul i gcomhairle leis an gcuideachta bainistíochta lena mbaineann***, ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith in ann a iarraidh ar chuideachta bainistíochta GCUI an UBL iomchuí a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach i réimse an bhainistithe priacail leachtachta ag bainisteoirí GCUI a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] chun an próiseas a shonrú maidir le UBLanna a roghnú a úsáid chun cóineasú sa mhargadh agus cóineasú maoirseachta a éascú. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM.	(45) Chun comhchuibhiú comhsheasmhach i réimse an bhainistithe priacail leachtachta ag bainisteoirí GCUI a áirithiú, ba cheart cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48] chun an próiseas a shonrú maidir le UBLanna a roghnú a úsáid chun cóineasú sa mhargadh agus cóineasú maoirseachta a éascú. Ba cheart na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh ar bhonn dréachta arna fhorbairt ag ÚEUM. ***Ba cheart a aithint sna caighdeáin sin gur ar bhainisteoir GCUI i gcónaí an phríomhfhreagracht as bainistiú priacail leachtachta.***

[48] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó

[48] Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).	Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).
	Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Chun tacú le faireachán margaidh a dhéanann na húdaráis mhaoirseachta, ba cheart feabhas a chur ar bhailiú agus ar roinnt na faisnéise a dhéantar trí thuairiscí maoirseachta trí GCUI a chur faoi réir oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta. Ba cheart a iarraidh ar na ÚMEanna agus ar BCE, le tacaíocht ó na húdaráis inniúla náisiúnta i gcás inar gá, measúnú a dhéanamh ar riachtanais sonraí na n-údarás maoirseachta éagsúil i bhfianaise na gceanglas tuairiscithe atá ann cheana faoi reachtaíocht eile an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta eile, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, Rialachán (AE) Uimh. 2019/834, Rialachán (AE) Uimh. 1011/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1073/2013. Le toradh na hoibre ullmhúcháin sin, bheifí in ann cinneadh beartais eolasaigh a dhéanamh maidir lena mhéid ar cheart do GCUI tuarascáil a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir lena dtrádálacha agus cén foirm de lena mbaineann.	(46) Chun tacú le faireachán margaidh a dhéanann na húdaráis mhaoirseachta, ba cheart feabhas a chur ar bhailiú agus ar roinnt na faisnéise a dhéantar trí thuairiscí maoirseachta trí GCUI a chur faoi réir oibleagáidí tuairiscithe maoirseachta***, go háirithe maidir le tarmligean feidhmeanna***. Ba cheart a iarraidh ar na ÚMEanna agus ar BCE, le tacaíocht ó na húdaráis inniúla náisiúnta i gcás inar gá, measúnú a dhéanamh ar riachtanais sonraí na n-údarás maoirseachta éagsúil i bhfianaise na gceanglas tuairiscithe atá ann cheana faoi reachtaíocht eile an Aontais agus reachtaíocht náisiúnta eile, go háirithe Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, Rialachán (AE) Uimh. 2019/834, Rialachán (AE) Uimh. 1011/2012 agus Rialachán (AE) Uimh. 1073/2013. Le toradh na hoibre ullmhúcháin sin, bheifí in ann cinneadh beartais eolasaigh a dhéanamh maidir lena mhéid ar cheart do GCUI tuarascáil a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir lena dtrádálacha agus cén foirm de lena mbaineann.
	Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) Chun tacú le cóineasú maoirseachta sa réimse tarmligin, ba cheart do ÚEUM ***piara-athbhreithnithe*** ar na cleachtais mhaoirseachta a dhéanamh agus béim a chur ar chruthú eintiteas bosca poist a chosc go háirithe. Chuirfeadh an anailís ar phiara-***athbhreithnithe*** a dhéanfaidh ÚEUM leis an athbhreithniú ar na bearta a glacadh sa Treoir seo agus cuirfear in iúl leis do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir le cé na bearta breise a bhféadfadh gá a bheith leo chun tacú le héifeachtacht an chórais tarmligin a leagtar síos i dTreoir 2009/65/CE.	(50) Chun tacú le cóineasú maoirseachta sa réimse tarmligin, ba cheart do ÚEUM piara-***athbhreithniú*** ar na cleachtais mhaoirseachta a dhéanamh agus béim a chur ar chruthú eintiteas bosca poist a chosc go háirithe. Chuirfeadh an anailís ar phiara-***athbhreithniú*** a dhéanfaidh ÚEUM leis an athbhreithniú ar na bearta a glacadh sa Treoir seo agus cuirfear in iúl leis do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir le cé na bearta breise a bhféadfadh gá a bheith leo chun tacú le héifeachtacht an chórais tarmligin a leagtar síos i dTreoir 2009/65/CE.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh Treorach
Aithris 52 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(52a) Le linn dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh faoi Threoir 2009/65/CE agus faoi Threoir 2011/61/AE, ba cheart do ÚEUM cur chuige rioscabhunaithe a leanúint.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)

Treoir 2011/61/AE
Airteagal 4 – mír 1 – pointe ag

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ag):
	'(ag) ciallaíonn 'infheisteoir gairmiúil' infheisteoir:
	- a mheastar gur cliant gairmiúil é nó a fhéadfar, arna iarraidh sin, caitheamh leis mar chliant gairmiúil de réir bhrí Iarscríbhinn II a ghabhann le ***Treoir 2014/65/CE***; ***nó***
	- a bhfuil sé geallta aige EUR 100 000 ar a laghad a infheistiú agus a bhfuil sé luaite i scríbhinn aige, i ndoiciméad ar leithligh ón gconradh atá le tabhairt i gcrích maidir leis an ngealltanas infheistíochta, go bhfuil sé ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann leis an ngealltanas nó leis an infheistíocht atá beartaithe; nó
	- ar ball d'fhoireann shinsearach é, ar bainisteoir punainne, stiúrthóir, oifigeach, gníomhaire nó fostaí de chuid an bhainisteora nó de chuid cleamhnaí den bhainisteoir é agus a bhfuil eolas leordhóthanach aige faoin CIM lena mbaineann.'

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – an chuid réamhráiteach
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 4 – pointe ap a (nua) agus ap b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) in Airteagal 4(1), cuirtear isteach an ***pointe (ap)*** seo a leanas:	(1) in Airteagal 4(1), cuirtear isteach ***na pointí*** seo a leanas:

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 4 – pointe ap a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(apa) ciallaíonn 'tionscnamh iasachta' iasachtaí a bheith á ndeonú ag CIM mar iasachtóir bunaidh;

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir 2011/11/AE
Airteagal 4 – mír 1 – pointe ap b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(apb) ciallaíonn 'iasacht scairshealbhóra' iasacht arna deonú ag CIM do ghnóthas ina sealbhaíonn sé, go díreach nó go hindíreach, 5 % ar a laghad den chaipiteal nó de na cearta vótála, nach féidir an iasacht a dhíol le tríú páirtithe go neamhspleách ar na hionstraimí caipitil atá i seilbh an CIM sa ghnóthas céanna.

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 6 – mír 4 – pointe c d agus da (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) i mír 4, cuirtear na pointí (c) ***agus (d)*** seo a leanas isteach:	(a) i mír 4, cuirtear na pointí (c)***, (d) agus (da)*** seo a leanas isteach:

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 6 – mír 4 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) aon seirbhís choimhdeach eile nach seirbhís í a liostaítear i Roinn A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, arb ionann í agus leanúint de na seirbhísí atá déanta cheana ag BCIM nó úsáid inniúlachtaí inmheánacha agus nach gcruthaíonn coinbhleachtaí leasa nach bhféadfaí a bhainistiú le rialacha breise;

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 7 – mír 2 – pointe a – fophointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) ***mion***tuairisc ar an ról, teideal agus leibhéal na sinsearachta atá acu;	(i) tuairisc ar an ról, teideal agus leibhéal na sinsearachta atá acu;

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 7 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) faisnéis maidir leis na socruithe arna ndéanamh le haghaidh tarmligean agus fotharmligean chuig tríú páirtithe na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 20 ***agus mion***tuairisc ar na hacmhainní daonna agus teicniúla atá le húsáid ag BCIM chun faireachán a dhéanamh ar an toscaire agus é a rialú.***;**	(e) faisnéis maidir leis na socruithe arna ndéanamh le haghaidh tarmligean agus fotharmligean chuig tríú páirtithe na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 20***, ina gcuimsítear na nithe seo a leanas:***
	(i) ainm dlíthiúil agus aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI) an BCIM;
	(ii) ainm dlíthiúil agus LEI an CIM agus a straitéis infheistíochta;
	(iii) ainm dlíthiúil agus LEI gach toscaire, a dhlínse bunaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, a údarás maoirseachta;
	(iv) tuairisc ghairid ar na feidhmeanna bainistíochta riosca tarmligthe, lena n-áirítear cibé acu an tarmligean páirteach nó tarmligean iomlán atá i gceist le gach tarmligean den sórt sin;
	(v) tuairisc ghairid ar na feidhmeanna bainistithe punainne tarmligthe, de réir straitéis infheistíochta agus geografaíochta iomchuí, lena n-áirítear cibé acu an tarmligean páirteach nó tarmligean iomlán atá i gceist le gach tarmligean den sórt sin;
	(vi) tuairisc ghairid ar na feidhmeanna eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a chomhlíonann an BCIM freisin;
	(vii) tuairisc ar na hacmhainní daonna agus teicniúla atá le húsáid ag BCIM chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar an toscaire.

Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 7 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:	***scriosta***
5. Cuirfidh na húdaráis inniúla ÚEUM ar an eolas, gach ráithe, faoi údaruithe arna dtabhairt nó arna dtarraingt siar i gcomhréir leis an gCaibidil seo.	
Coinneoidh ÚEUM clár poiblí lárnach ina sainaithneofar gach BCIM arna údarú faoin Treoir seo, liosta CIManna san Aontas a bhainistíonn agus/nó a mhargaíonn na BCIManna sin agus an t-údaráis inniúil le haghaidh gach BCIM den sórt sin. Cuirfear an clár ar fáil i bhformáid leictreonach.	
I gcás ina dtarmligeann BCIM níos mó feidhmeanna bainistithe punainne nó bainistíochta riosca chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha ná mar a choimeádann sé, tabharfaidh na húdaráis inniúla, ar bhonn bliantúil, fógra do ÚEUM faoi gach tarmligean den sórt sin ('fógraí tarmligin').	
Beidh na nithe seo a leanas sna fógraí tarmligin:	
(a) faisnéis maidir leis an BCIM agus an CIM lena mbaineann;	
(b) faisnéis maidir leis an toscaire, lena sonraítear sainchónaí an toscaire agus cibé an eintiteas rialáilte é nó nach é;	
(c) tuairisc ar an mbainistiú punainne tarmligthe agus ar na feidhmeanna bainistíochta riosca;	

(d) tuairisc ar an mbainistiú punainne a coimeádadh agus ar na feidhmeanna bainistíochta riosca;

(e) aon fhaisnéis eile is gá chun anailís a dhéanamh ar na socruithe tarmligin;

(f) tuairisc ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil, lena n-áirítear athbhreithnithe doiciméad agus cigireachtaí ar an láthair agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin;

(g) aon mhionsonraí maidir leis an gcomhoibriú idir údarás inniúil an BCIM agus údarás maoirseachta an toscaire.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c – an chuid réamhráiteach
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 7 – míreanna 8 agus 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cuirtear isteach na ***míreanna 8 agus 9*** seo a leanas:	(c) cuirtear an ***mhír 9*** seo a leanas leis:

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 7 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun ábhar na bhfógraí tarmligin agus na foirmeacha, na teimpléid agus na	***scriosta***

nósanna imeachta atá caighdeánach le haghaidh tharchur na bhfógraí tarmligin i dteanga a úsáidtear i réimse an airgeadais. Áirítear leis na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid chaighdeánacha réimsí faisnéise lena gcumhdaítear an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 5, an ceathrú fomhír.

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 7 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. Soláthróidh ÚEUM tuarascálacha bliantúla do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún, ***ar a laghad uair gach 2 bhliain,*** lena ndéantar anailís ar chleachtais sa mhargadh i dtaca le tarmligean chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha agus le hAirteagail 7 agus 20 a chomhlíonadh.;	9. ***Faoin... [12 mhí roimh dháta an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 69b]*** soláthróidh ÚEUM ***tuarascáil*** do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún lena ndéantar anailís ar chleachtais sa mhargadh i dtaca le tarmligean chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha agus i dtaca le hAirteagail 7 agus 20 a chomhlíonadh.;

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe a
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 15 – mír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le hiasachtaí ***a thabhairt***, beartais, nósanna imeachta agus próisis éifeachtacha a chur chun feidhme maidir le creidmheas a dheonú, maidir le measúnú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa agus a bpunann creidmheasa a riar agus faireachán a dhéanamh air, coinnigh cothrom le dáta agus éifeachtach na beartais, na nósanna imeachta agus na próisis sin agus déan athbhreithniú rialta orthu agus ar a laghad uair amháin gach bliain.;	(d) maidir le gníomhaíochtaí ***lena dtionscnaítear iasachtaí, ach amháin maidir le hiasachtaí scairshealbhóirí i gcás nach mó na hiasachtaí sin sa chomhiomlán ná 150 % de ghlanluach sócmhainní an CIM***, beartais, nósanna imeachta agus próisis éifeachtacha a chur chun feidhme maidir le creidmheas a dheonú, maidir le measúnú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa agus a bpunann creidmheasa a riar agus faireachán a dhéanamh air, coinnigh cothrom le dáta agus éifeachtach na beartais, na nósanna imeachta agus na próisis sin agus déan athbhreithniú rialta orthu agus ar a laghad uair amháin gach bliain.;

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 15 – mír 4a – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4a. Áiritheoidh BCIM nach mbeidh níos mó ná 20 % de chaipiteal CIM i gceist le hiasacht arna tionscnamh chuig aon iasachtaí aonair trí bhíthin an CIM atá á bhainistiú aige, i gcás inarb é ceann díobh seo a leanas an t-iasachtaí:	4a. Áiritheoidh BCIM nach mbeidh níos mó ná 20 % de chaipiteal CIM ***nó de ghealltanais CIM nó de na suibscríbhinní foriomlána*** i gceist le hiasacht arna tionscnamh chuig aon iasachtaí aonair trí bhíthin an CIM atá á bhainistiú aige, i gcás inarb é ceann díobh seo a leanas an t-iasachtaí:

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 15 – mír 4d – pointe aa (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) eintiteas laistigh den ghrúpa céanna le BCIM;

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 15 – mír 4d – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a thaisce;	(b) ***a thaisce agus toscairí*** a thaisce;

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 15 – mír 4e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4e. Áiritheoidh BCIM go gcoimeádfaidh an CIM atá á bhainistiú aige, ar bhonn leanúnach, 5 % de luach barúlach na n-iasachtaí a tionscnaíodh leis agus a seoladh ar an margadh tánaisteach ina dhiaidh sin.	***scriosta***
Níl feidhm ag an gceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír maidir leis na hiasachtaí a cheannaigh CIM ar an	

margadh tánaisteach.';

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 15 – mír 4 e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4ea. Cuirfidh na Ballstáit toirmeasc ar BCIManna bainistiú a dhéanamh ar CIManna arb é a straitéis infheistíochta iasachtaí a thionscnamh d'aon toisc chun na hiasachtaí sin a aistriú chuig tríú páirtithe ('tionscain agus dáil').

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 2a – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh BCIM gur iata é an CIF atá á bhainistiú aige ***má rachaidh luach barúlach na n-iasachtaí a tionscnaíodh leis thar 60 %*** dá ***ghlanluach sócmhainní***.	Áiritheoidh BCIM gur iata é an CIM atá á bhainistiú aige ***nuair nach féidir leis an BCIM a léiriú d'údaráis inniúla*** a ***Bhallstáit baile go bhfuil stóinseacht leachtachta ag an CIM***.

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 2b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2b. Tar éis do BCIM a bhainistíonn CIM iata measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht i ndáil leis an straitéis infheistíochta atá á saothrú, leis an bpróifíl leachtachta agus leis an mbeartas fuascailte, roghnóidh sé ar a laghad uirlis bainistithe leachtachta iomchuí amháin ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V, pointí 2 ***go 4***, le haghaidh úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ar mhaithe le hinfheisteoirí CIM. Cuirfidh BCIM beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta chun aon uirlis bainistithe leachtachta arna roghnú a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú agus le haghaidh na socruithe oibríochtúla agus riaracháin chun an t-uirlis sin a úsáid.	2b. Tar éis do BCIM a bhainistíonn CIM iata measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht i ndáil leis an straitéis infheistíochta atá á saothrú, leis an bpróifíl leachtachta agus leis an mbeartas fuascailte, roghnóidh sé ar a laghad uirlis bainistithe leachtachta iomchuí amháin ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V, pointí 2, ***3, 4, 5, 6 agus 8***, le haghaidh úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ar mhaithe le hinfheisteoirí CIM. Cuirfidh BCIM beartais mhionsonraithe agus nósanna imeachta chun aon uirlis bainistithe leachtachta arna roghnú a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú agus le haghaidh na socruithe oibríochtúla agus riaracháin chun an t-uirlis sin a úsáid.

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 2c – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh BCIM a bhainistíonn CIM iata, ar mhaithe le hinfheisteoirí CIM, athcheannach nó fuascailt aonaid CIM a chur ar fionraí go sealadach nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú arna roghnú ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V, pointí 2 ***go 4, agus*** a áirítear i rialacha an chiste nó in ionstraimí corpraithe BCIM.	Féadfaidh BCIM a bhainistíonn CIM iata, ar mhaithe le hinfheisteoirí CIM, athcheannach nó fuascailt ***scaireanna nó*** aonaid CIM a chur ar fionraí go sealadach nó uirlisí bainistithe leachtachta eile a ghníomhachtú arna roghnú ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V, pointí 2***, 3, 4, 5, 6 agus 8, i gcás ina n-áirítear na huirlisí sin*** i rialacha an chiste nó in ionstraimí corpraithe BCIM.

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 2d – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tabharfaidh BCIM, gan mhoill, fógra d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile ***nuair a dhéanann sé uirlis bainistithe leachtachta a luaitear in 2b a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú***.	***I gcás ina ndéanfaidh*** BCIM***, i gcásanna struis leachtachta, ceann de na huirlisí bainistithe leachtachta a liostaítear i bpointe 1 go pointe 4 den liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú,*** tabharfaidh ***sé*** fógra, gan mhoill, d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile.

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 2d – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM fógra, gan mhoill, d'údaráis inniúla Ballstáit óstaigh BCIM, ***do ÚEUM agus do BERS*** faoi aon fhógra a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo.	Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM fógra, gan mhoill, d'údaráis inniúla Ballstáit óstaigh BCIM ***agus do ÚEUM*** faoi aon fhógra a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo. ***Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM fógra do BERS má tá aon riosca féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais.***

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 2f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2f. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun saintréithe na n-uirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V a shonrú.	***scriosta***

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 2f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2fa. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir leis na critéir a bheidh le húsáid ag údaráis inniúla chun a chinneadh ar léirigh CIM stóinseacht leachtachta chun críocha mhír 2a.

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2g. Forbróidh ÚEUM	2g. Forbróidh ÚEUM

dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le critéir le haghaidh roghnú agus úsáid na n-uirlisí bainistithe leachtachta oiriúnacha ag BCIManna le haghaidh bainistiú priacail leachtachta, lena n-áirítear nochtuithe iomchuí le hinfheisteoirí, lena gcuirtear san áireamh cumas na n-uirlisí sin buntáistí míchuí a laghdú d'infheisteoirí a dhéanann a n-infheistíochtaí a fhuascailt ar dtús, agus chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú.	dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le critéir le haghaidh roghnú agus úsáid na n-uirlisí bainistithe leachtachta oiriúnacha ag BCIManna le haghaidh bainistiú priacail leachtachta, lena n-áirítear nochtuithe iomchuí le hinfheisteoirí, lena gcuirtear san áireamh cumas na n-uirlisí sin buntáistí míchuí a laghdú d'infheisteoirí a dhéanann a n-infheistíochtaí a fhuascailt ar dtús, agus chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú. ***Leis na caighdeáin sin, aithneofar gur ar BCIM i gcónaí an phríomhfhreagracht as bainistiú priacail leachtachta. Tabharfaidh siad am leordhóthanach le haghaidh oiriúnú sula mbeidh feidhm acu, go háirithe i gcás CIManna atá ann cheana.***
	Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 16 – mír 2h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2h. Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i míreanna 2***f*** agus 2g den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.;	2h. Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i míreanna ***2fa*** agus 2g den Airteagal seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.;
	Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe c a (nua)

Treoir 2011/61/AE
Airteagal 20 – mír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) cuirtear an mhír 6a seo a leanas isteach:
	'(6a) De mhaolú ar mhíreanna 1 go 6 den Airteagal seo, i gcás inarb é dáileoir amháin nó níos mó a dhéanann an fheidhm margaíochta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Iarscríbhinn I, mír 2, nach bhfuil ag gníomhú thar ceann an BCIM, de bhun comhaontú idir an BCIM agus an dáileoir sin nó na dáileoirí sin, ní mheasfar gur tarmligean atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1 go mír 6 den Airteagal seo an fheidhm sin.'

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b – pointe i
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 21 – mír 11 – fomhír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) d'fheidhmigh an taisce gach scil, cúram agus dícheall cuí agus aon tríú páirtí á roghnú agus á gceapadh ar mian leis codanna dá chúraimí a tharmligean chuige, cé is moite de chás inar taisclann lárnach urrús é an tríú páirtí sin ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear ***in Airteagal 1, pointe (e) de*** Rialachán Tarmligthe (AE) ***2017/392* ón gCoimisiún***, agus leanann sé de bheith ag feidhmiú gach scil, cúram agus dícheall cuí san athbhreithniú tréimhsiúil agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar aon tríú páirtí ar tharmlig sé codanna dá chúraimí chuige agus i socruithe an tríú páirtí i leith na gcúrsaí arna dtarmligean	(c) d'fheidhmigh an taisce gach scil, cúram agus dícheall cuí agus aon tríú páirtí á roghnú agus á gceapadh ar mian leis codanna dá chúraimí a tharmligean chuige, cé is moite de chás inar taisclann lárnach urrús é an tríú páirtí sin ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear ***sa ghníomh*** tarmligthe ***arna ghlacadh ar bhonn Airteagail 29(3) agus 48(10) de*** Rialachán (AE) ***Uimh. 909/2014***, agus leanann sé de bheith ag feidhmiú gach scil, cúram agus dícheall cuí san athbhreithniú tréimhsiúil agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar aon tríú páirtí ar tharmlig sé codanna dá chúraimí chuige agus i socruithe an tríú páirtí i leith na gcúrsaí

chuige;	arna dtarmligean chuige;

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b – pointe ii
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 21 – mír 11 – fomhír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun críocha na míre seo, ní mheasfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taisce é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear in ***Airteagal 1, pointe (e)*** de Rialachán Tarmligthe (AE) ***2017/392 ón gCoimisiún***. ;	Chun críocha na míre seo, ní mheasfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taisce é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainítear ***sa ghníomh*** tarmligthe ***arna ghlacadh ar bhonn Airteagail 29(3) agus 48(10) de*** Rialachán (AE) ***Uimh. 909/2014***. ***Measfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taisce é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD infheisteora mar a shainmhínítear sa ghníomh tarmligthe sin.***

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe c
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 21 – mír 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
16. An fhaisnéis uile a fuair an taisce agus a cúraimí á ndéanamh aici agus ar faisnéis í a d'fhéadfadh a bheith riachtanach d'údaráis inniúla CIM nó BCIM, cuirfidh sí ar fáil í dá húdaráis inniúla, d'údaráis inniúla an CIM a cheap	16. An fhaisnéis uile a fuair an taisce agus a cúraimí á ndéanamh aici agus ar faisnéis í a d'fhéadfadh a bheith riachtanach d'údaráis inniúla CIM nó BCIM, cuirfidh sí ar fáil í dá húdaráis inniúla, d'údaráis inniúla an CIM a cheap

mar thaisce í agus d'údaráis inniúla an BCIM a bhainistíonn an CIM sin***, arna iarraidh sin air***. Má tá údaráis inniúla CIM nó BCIM difriúil le húdaráis inniúla na taisce, roinnfidh údaráis inniúla na taisce an fhaisnéis a fhaightear gan mhoill le húdaráis inniúla CIM agus BCIM.;	mar thaisce í agus d'údaráis inniúla an BCIM a bhainistíonn an CIM sin, Má tá údaráis inniúla CIM nó BCIM difriúil le húdaráis inniúla na taisce, roinnfidh údaráis inniúla na taisce an fhaisnéis a fhaightear gan mhoill le húdaráis inniúla CIM agus BCIM***, agus déanfaidh údaráis inniúla CIM nó BCIM aon fhaisnéis atá ábhartha chun cumhachtaí maoirseachta na n-údarás sin a fheidhmiú a chomhroinnt gan mhoill le húdaráis inniúla na taisce***;

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a – pointe ii
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 23 – mír 1 – pointe ia

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) cuirtear isteach pointe (ia):	***scriosta***
(ia) liosta na dtáillí agus na muirear a mbeidh feidhm acu i ndáil le hoibriú CIM agus a íocfaidh BCIM nó a chleamhnaithe.;	

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 23 – mír 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***punann d'iasachtaí*** a thionscnaítear;	(d) ***comhdhéanamh punainne d'iasachtaí*** a thionscnaítear;

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 23 – mír 4 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ar bhonn ***ráithiúil,*** na táillí agus na muirir ar fad atá díreach agus indíreach a muirearaíodh ***nó a leithdháileadh*** go díreach nó go hindíreach ar CIM ***nó ar aon cheann dá infheistíochtaí***;	(e) ar bhonn ***bliantúil***, na táillí agus na muirir ar fad atá díreach agus indíreach a muirearaíodh go díreach nó go hindíreach ar CIM;

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 23 – mír 4 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) ar bhonn ***ráithiúil***, aon mháthairghnóthas, fhoghnóthas nó eintiteas sainchuspóireach arna bhunú i ndáil le hinfheistíochtaí CIM ag BCIM, ***foireann BCIM nó cleamhnaithe díreacha nó indíreacha BCIM***.’;	(f) ar bhonn ***bliantúil***, aon mháthairghnóthas, fhoghnóthas nó eintiteas sainchuspóireach arna bhunú i ndáil le hinfheistíochtaí CIM ag BCIM.

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 24 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tabharfaidh BCIM tuarascáil go tráthrialta d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir leis na margaí agus na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil thar ceann an CIM atá á bhainistiú aige.	Tabharfaidh BCIM tuarascáil go tráthrialta d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir leis na margaí agus na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil thar ceann an CIM atá á bhainistiú aige***, agus maidir le faisnéis eacnamaíoch agus cuntasaíochta ábhartha eile a leagtar amach i mír 2***.

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe b a (nua)
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 24 – mír 2 – pointe ea agus eb (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) i mír 2, cuirtear na pointí seo a leanas léi:
	'(ea) méid iomlán giarála an ghlanluacha sócmhainní atá in úsáid ag CIM;
	(eb) faisnéis maidir le socruithe tarmligin a bhaineann le bainistiú punainne nó feidhmeanna bainistíochta riosca agus go háirithe:
	(i) faisnéis faoi na heintitis ar tarmligeadh na feidhmeanna sin chucu (ainm agus LEI gach toscaire, a dhlínse bunaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, a údarás maoirseachta);
	(ii) faisnéis faoin bhfeidhm a tarmligeadh, an cineál tarmligin (iomlán nó páirteach), agus dáta an chomhaontaithe nó an chonartha tarmligin;
	(iii) i gcás ina mbeidh socruithe fotharmligin i bhfeidhm, an fhaisnéis chéanna maidir leis na fothoscaireachtaí agus na feidhmeanna arna

bhfotharmligean;

(iv) dáta theacht i gcrích agus dáta éaga na socruithe tarmligin agus na socruithe fotharmligin;

(v) tuairisc ar na bearta díchill chuí tréimhsiúla arna ndéanamh ag BCIM chun maoirsiú, faireachán agus rialú a dhéanamh ar an toscaire, lena n-áirítear dáta feidhmíochta na mbeart sin, na saincheisteanna a sainaithníodh agus, más iomchuí, na bearta agus an amlíne a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe c
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 24 – mír 6 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar na mionsonraí atá le tuairisciú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2. Cuirfidh ÚEUM san áireamh ceanglais tuarascála eile a bhfuil na BCIManna faoina réir agus an tuarascáil a eisíodh i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 69b.	Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ina sonrófar na mionsonraí atá le tuairisciú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2. ***Chun dúbláil agus neamhréireachtaí idir creataí tuairiscithe a laghdú,*** cuirfidh ÚEUM san áireamh ceanglais tuarascála eile a bhfuil na BCIManna faoina réir agus an tuarascáil a eisíodh i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 69b.

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 10 – pointe d
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 24 – mír 7 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) na caighdeáin formáide agus sonraí le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2;	(a) na caighdeáin formáide agus sonraí le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2***, lena n-áireofar go háirithe LEIanna domhanda agus uimhreacha aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISINanna)***;

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 10 – pointe d
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 24 – mír 7 – fomhír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) modhanna agus socruithe chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a thíolacadh, lena n-áirítear modhanna agus socruithe chun feabhas a chur ar chaighdeánú sonraí agus comhroinnt agus úsáid éifeachtúil sonraí a thuairiscítear cheana in aon chreat tuairiscithe de chuid an Aontais ag aon údarás inniúil ábhartha, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta.

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 10 – pointe d
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 24 – mír 7 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Nuair a bheidh na dréachtchaighdeáin theicniúla sin á bhforbairt, cuirfidh

ÚEUM san áireamh forbairtí idirnáisiúnta agus caighdeáin idirnáisiúnta a comhaontaíodh ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal domhanda mar aon le torthaí na tuarascála a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 69b(2).

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 38a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh ÚEUM***, ar bhonn tráthrialta agus gach 2 bhliain ar a laghad,*** anailís piara-athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 20. Díreofar san anailís piara-athbhreithnithe sin ar na bearta arna nglacadh ionas nach mbeidh BCIManna ina n-eintitis bosca poist, BCIManna a dhéanann feidhmiú bainistithe punainne nó bainistithe priacail a tharmligean chuig tríú páirtithe atá lonnaithe i dtríú tíortha.	1. ***Faoin... [12 mhí roimh dháta an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 69b]***, ***agus thairis sin de réir mar is gá,*** déanfaidh ÚEUM, anailís piara-athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 20. Díreofar san anailís piara-athbhreithnithe sin ar na bearta arna nglacadh ionas nach mbeidh BCIManna ina n-eintitis bosca poist, BCIManna a dhéanann feidhmiú bainistithe punainne nó bainistithe priacail a tharmligean chuig tríú páirtithe atá lonnaithe i dtríú tíortha.

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 46 – mír 2 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) ar mhaithe le hinfheisteoirí ***nó leis***	(j) ar mhaithe le hinfheisteoirí***, in***

an bpobal, ceanglas a chur ar BCIManna uirlis bainistithe leachtachta dá dtagraítear i bpointe 1 nó 2 d'Iarscríbhinn V nó arna roghnú ag BCIM i gcomhréir le hAirteagal 16(2b) a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, cibé acu is mó atá oiriúnach agus cineál CIM neamhiata nó grúpa CIManna neamhiata lena mbaineann á gcur san áireamh agus cosaint infheisteoirí nó rioscaí cobhsaíochta airgeadais a thugann gur gá an ceanglas seo a bheith ann.;	***imthosca eisceachtúla agus tar éis dul i gcomhairle le BCIM,*** ceanglas a chur ar BCIManna uirlis bainistithe leachtachta dá dtagraítear i bpointe 1 nó 2 d'Iarscríbhinn V nó arna roghnú ag BCIM i gcomhréir le hAirteagal 16(2b) a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, cibé acu is mó atá oiriúnach agus cineál CIM neamhiata nó grúpa CIManna neamhiata lena mbaineann á gcur san áireamh ***agus má tá*** rioscaí cobhsaíochta airgeadais ann a thugann gur gá an ceanglas seo a bheith ann.;

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 47 – mír 4 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) i mír 4, cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:	***scriosta***
(d) ceanglas a chur ar BCIManna neamh-AE a mhargaíonn san Aontas CIManna a bhíonn á mbainistiú acu nó BCIManna AE a bhíonn CIManna neamh-AE á mbainistiú acu uirlis bainistithe leachtachta dá dtagraítear i bpointe 1 nó 2 d'Iarscríbhinn V nó arna roghnú ag an BCIM a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú, cibé acu is mó atá oiriúnach agus cineál an CIM neamhiata lena mbaineann agus na rioscaí cosanta infheisteoirí nó rioscaí cobhsaíochta airgeadais a thugann gur gá an ceanglas seo a bheith ann á gcur san áireamh.;	

Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 – pointe a
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 50 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag údaráis inniúla Ballstáit amháin chun bheith in amhras nach bhfuil gníomhartha contrártha don Treoir seo á gcur i gcrích nó curtha i gcrích ag BCIM nach bhfuil faoi réir mhaoirseacht na n-údarás inniúil sin, tabharfaidh siad fógra do ÚEUM agus d'údaráis inniúla Bhallstáit baile agus óstach an BCIM lena mbaineann sa tslí is sonraí agus is féidir. Déanfaidh na húdaráis is faighteoirí gníomh iomchuí, cuirfidh siad ÚEUM agus na húdaráis inniúla a thugann fógra ar an eolas faoi thoradh an ghnímh sin agus, a mhéid is féidir, faoi fhorbairtí eatramhacha suntasacha. Beidh an mhír seo gan dochar d'inniúlachtaí an údaráis inniúil a thugann fógra.;	5. I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag údaráis inniúla Ballstáit amháin chun bheith in amhras nach bhfuil gníomhartha contrártha don Treoir seo á gcur i gcrích nó curtha i gcrích ag BCIM nach bhfuil faoi réir mhaoirseacht na n-údarás inniúil sin, ***nó ag eintiteas arna cheapadh mar thaiscí ag BCIM,*** tabharfaidh siad fógra do ÚEUM agus d'údaráis inniúla Bhallstáit baile agus óstach an BCIM ***nó an eintitis*** lena mbaineann sa tslí is sonraí agus is féidir. Déanfaidh na húdaráis is faighteoirí gníomh iomchuí, cuirfidh siad ÚEUM agus na húdaráis inniúla a thugann fógra ar an eolas faoi thoradh an ghnímh sin agus, a mhéid is féidir, faoi fhorbairtí eatramhacha suntasacha. Beidh an mhír seo gan dochar d'inniúlachtaí an údaráis inniúil a thugann fógra.;

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 50 – mír 5a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5a. Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM údaráis inniúla Bhallstát óstach an BCIM, ***ÚEUM agus BERS*** ar an eolas faoi sula ndéanfaidh siad cumhachtaí a fheidhmiú de bhun Airteagal 46(2), pointe (j), nó Airteagal 47(4), pointe (d).	5a. Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM údaráis inniúla Bhallstát óstach an BCIM ***agus ÚEUM*** ar an eolas faoi sula ndéanfaidh siad cumhachtaí a fheidhmiú de bhun Airteagal 46(2), pointe (j), nó Airteagal 47(4), pointe (d). ***Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát***

	baile an BCIM fógra do BERS i gcás ina bhfhéadfadh riosca a bheith ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais.

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 50 – mír 5b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5b. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach BCIM a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos in Airteagal 46(2), pointe (j) nó Airteagal 47(4), pointe (d), lena sonraítear na cúiseanna leis an iarraidh agus lena dtugtar fógra do ÚEUM agus do BERS ina leith sin.	5b. Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach BCIM a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos in Airteagal 46(2), pointe (j) nó Airteagal 47(4), pointe (d), lena sonraítear na cúiseanna leis an iarraidh agus lena dtugtar fógra do ÚEUM agus***, i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais,*** fógra do BERS ina leith sin.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 – pointe b
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 50 – mír 5c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5c. I gcás nach n-aontaíonn údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 5b, cuirfidh sé údarás inniúil Bhallstát óstach an BCIM, ÚEUM agus BERS ar an eolas ina leith sin, agus sonróidh sé a chúiseanna.	5c. I gcás nach n-aontaíonn údarás inniúil Bhallstát baile an BCIM leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 5b, cuirfidh sé údarás inniúil Bhallstát óstach an BCIM ***agus*** ÚEUM agus, ***i gcás aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann do***

	chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais, BERS ar an eolas ina leith sin, agus sonróidh sé a chúiseanna.
	Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 – pointe c
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 50 – mír 7 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena léirítear na cásanna ina bhféadfaidh na húdaráis inniúla na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 46(2), pointe (j) a fheidhmiú agus na cásanna ina bhféadfaidh siad na hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 5b agus 5f a chur chun cinn. Agus ÚEUM ag forbairt na gcaighdeán sin, cuirfidh sé san áireamh impleachtaí na hidirghabhála maoirseachta sin le haghaidh cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas.	Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena léirítear na cásanna ina bhféadfaidh na húdaráis inniúla na cumhachtaí a leagtar amach in Airteagal 46(2), pointe (j) a fheidhmiú agus na cásanna ina bhféadfaidh siad na hiarrataí dá dtagraítear i míreanna 5b agus 5f a chur chun cinn. Agus ÚEUM ag forbairt na gcaighdeán sin, cuirfidh sé san áireamh impleachtaí na hidirghabhála maoirseachta sin le haghaidh cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas. ***Leis na caighdeáin sin, aithneofar gur ar BCIM i gcónaí an phríomhfhreagracht as bainistiú priacail leachtachta agus gur rogha dheireanach í idirghabháil na n-údarás inniúil.***
	Or. en

Leasú 75

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 61 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ina bhfuil údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM nó i gcás nach bhfuil an CIM rialáilte, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM cead a thabhairt d'institiúidí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 21(3) agus ar bunaíodh i mBallstát eile iad a bheith ceaptha mar thaisce. Beidh an fhoráil seo gan dochar do chur i bhfeidhm iomlán Airteagal 21, cé is moite de phointe (a) de mhír 5 den Airteagal sin maidir leis an áit ina mbunófar an taisce.;	5. I gcás ina bhfuil údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM nó i gcás nach bhfuil an CIM rialáilte, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile BCIM cead a thabhairt d'institiúidí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 21(3) agus ar bunaíodh i mBallstát eile iad a bheith ceaptha mar thaisce. ***Agus an fhéidearthacht sin á feidhmiú acu, déanfaidh na húdaráis inniúla cinneadh de réir an cháis agus tabharfaidh siad fógra do ÚEUM faoi chinntí arna ndéanamh ina leith sin***. Beidh an fhoráil seo gan dochar do chur i bhfeidhm iomlán Airteagal 21, cé is moite de phointe (a) de mhír 5 den Airteagal sin maidir leis an áit ina mbunófar an taisce.;

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 69b – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoin [***Cuir isteach an dáta*** = 60 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus i ndiaidh na bpiara-***athbhreithnithe*** a dhéanfaidh ÚEUM dá dtagraítear in Airteagal 38a agus i ndiaidh na dtuarascálacha a thabharfaidh sé ar aird i gcomhréir le hAirteagal 7(9), tionscnóidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo agus ar an taithí a fuarthas agus iad á gcur i bhfeidhm. Áireofar san athbhreithniú sin measúnú ar na gnéithe seo a leanas:	1. Faoin ... [60 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus i ndiaidh an phiara-***athbhreithnithe*** a dhéanfaidh ÚEUM dá dtagraítear in Airteagal 38a agus i ndiaidh na dtuarascálacha a thabharfaidh sé ar aird i gcomhréir le hAirteagal 7(9), tionscnóidh an Coimisiún athbhreithniú ar fheidhmiú na rialacha a leagtar síos sa Treoir seo agus ar an taithí a fuarthas agus iad á gcur i bhfeidhm. Áireofar san athbhreithniú sin measúnú ar na gnéithe seo a leanas:

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21
Treoir 2011/61/AE
Airteagal 69b – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Chun críocha phointe (d) de mhír 1, déanfaidh an Coimisiún faoin ... [24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], staidéar cuimsitheach ar na tairbhí agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainfeadh le pas taisce AE a thabhairt isteach.

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe b a (nua)
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 13 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:
	'2a. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, i gcás inarb é dáileoir amháin nó níos mó, a dhéanann an fheidhm margaíochta dá dtagraítear sa tríú fleasc d'Iarscríbhinn II, nach bhfuil ag gníomhú thar ceann an GCUI, de bhun comhaontú idir an GCUI agus an dáileoir sin nó na dáileoirí sin, ní mheasfar gur tarmligean atá faoi réir na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo an fheidhm sin.'

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe c – an chuid réamhráiteach
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 13 – míreanna 3 go 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cuirtear isteach na míreanna ***3, 4,*** 5 agus 6 seo a leanas:	(c) cuirtear isteach na míreanna 5 agus 6 seo a leanas:

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe c
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ina dtarmligeann cuideachta bainistíochta níos mó feidhmeanna bainistithe punainne nó bainistíochta riosca chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha ná mar a choimeádann sé, tabharfaidh na húdaráis inniúla, ar bhonn bliantúil, fógra do ÚEUM faoi gach tarmligean den sórt sin ('fógraí tarmligin').	***scriosta***
Beidh na nithe seo a leanas sna fógraí tarmligin:	
(a) faisnéis maidir le GCUI agus a chuideachta bainistíochta lena mbaineann;	
(b) faisnéis maidir leis an toscaire, lena sonraítear sainchónaí an toscaire agus cibé an eintiteas rialáilte é nó nach é;	
(c) tuairisc ar an mbainistiú punainne tarmligthe agus ar na feidhmeanna bainistíochta riosca;	
(d) tuairisc ar an mbainistiú punainne	

a coimeádadh agus ar na feidhmeanna bainistíochta riosca;

(e) aon fhaisnéis eile is gá chun anailís a dhéanamh ar na socruithe tarmligin;

(f) tuairisc ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil, lena n-áirítear athbhreithnithe doiciméad agus cigireachtaí ar an láthair agus torthaí na ngníomhaíochtaí sin;

(g) aon mhionsonraí maidir leis an gcomhoibriú idir an t-údarás inniúil agus údarás maoirseachta an toscaire.

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe c
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 13 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun ábhar na bhfógraí tarmligin agus na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta atá caighdeánach le haghaidh tharchur na bhfógraí tarmligin i dteanga a úsáidtear i réimse an airgeadais. Áirítear leis na foirmeacha caighdeánacha agus na teimpléid chaighdeánacha réimsí faisnéise lena gcumhdaítear an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 3.* ***Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.	***scriosta***

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe c
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 13 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Soláthróidh ÚEUM ***tuarascálacha bliantúla*** do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún, ***ar a laghad uair gach 2 bhliain,*** lena ndéantar anailís ar chleachtais sa mhargadh i dtaca le tarm chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha agus le hAirteagail 7 agus 13 a chomhlíonadh.	5. ***Faoin … [12 mhí roimh dháta an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 110a],*** soláthróidh ÚEUM ***tuarascáil*** do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún lena ndéantar anailís ar chleachtais sa mhargadh i dtaca le tarmligean chuig eintitis atá lonnaithe i dtríú tíortha agus i dtaca le hAirteagail 7 agus 20 a chomhlíonadh.

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 18 a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tar éis do chuideachta bainistíochta measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht i ndáil leis an straitéis infheistíochta atá á saothrú, leis an bpróifíl leachtachta agus leis an mbeartas fuascailte, roghnóidh sé ar a laghad uirlis bainistithe leachtachta iomchuí amháin ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA, pointí 2 go 4, agus áireofar leis an gciste rialacha nó ionstraimí corpraithe na cuideachta infheistíochta le haghaidh úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ar mhaithe le hinfheisteoirí GCUI. Cuirfidh an chuideachta bainistíochta chun feidhme beartais mhionsonraithe agus nósanna	2. Tar éis do chuideachta bainistíochta measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht i ndáil leis an straitéis infheistíochta atá á saothrú, leis an bpróifíl leachtachta agus leis an mbeartas fuascailte, roghnóidh sé ar a laghad uirlis bainistithe leachtachta iomchuí amháin ón liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA, pointí 2***, 3, 4, 5, 6 agus 8***, agus áireofar leis ***riail*** an chiste nó ionstraimí corpraithe na cuideachta infheistíochta le haghaidh úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ar mhaithe le hinfheisteoirí GCUI. Cuirfidh an chuideachta bainistíochta chun feidhme beartais mhionsonraithe agus nósanna

imeachta le haghaidh aon uirlis bainistithe leachtachta arna roghnú a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú agus na socruithe oibríochtúla agus riaracháin le haghaidh úsáid an chineáil uirlise sin.	imeachta le haghaidh aon uirlis bainistithe leachtachta arna roghnú a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú agus na socruithe oibríochtúla agus riaracháin le haghaidh úsáid an chineáil uirlise sin.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 18 a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun saintréithe na n-uirlisí bainistithe leachtachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA a shainiú agus a shonrú.	***scriosta***

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 18a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le critéir le haghaidh roghnú agus úsáid na n-uirlisí bainistithe leachtachta oiriúnacha ag cuideachtaí bainistíochta le haghaidh bainistiú priacail leachtachta, lena n-áirítear nochtuithe iomchuí le hinfheisteoirí, lena gcuirtear san áireamh cumas na n-uirlisí sin buntáistí míchuí a laghdú d'infheisteoirí a dhéanann a n-infheistíochtaí a fhuascailt ar dtús, agus	4. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le critéir le haghaidh roghnú agus úsáid na n-uirlisí bainistithe leachtachta oiriúnacha ag cuideachtaí bainistíochta le haghaidh bainistiú priacail leachtachta, lena n-áirítear nochtuithe iomchuí le hinfheisteoirí, lena gcuirtear san áireamh cumas na n-uirlisí sin buntáistí míchuí a laghdú d'infheisteoirí a dhéanann a n-infheistíochtaí a fhuascailt ar dtús, agus

chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú.	chun rioscaí cobhsaíochta airgeadais a mhaolú. ***Leis na caighdeáin sin, aithneofar gur ar GCUI i gcónaí an phríomhfhreagracht as bainistiú priacail leachtachta. Leis na caighdeáin sin, tabharfar a dhóthain ama oiriúnú a dhéanamh sula dtiocfaidh siad i bhfeidhm, go háirithe i gcás GCUI atá ann cheana.***
	Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 20a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tabharfaidh cuideachta bainistíochta tuarascáil go tráthrialta d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir leis na margaí agus na hionstraimí ina mbíonn sé ag trádáil thar ceann an GCUI atá á bhainistiú aige.	1. Tabharfaidh cuideachta bainistíochta tuarascáil go tráthrialta d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir leis na margaí agus na hionstraimí ina mbíonn sí ag trádáil thar ceann GCUI atá á bhainistiú aici***, agus maidir le faisnéis eacnamaíoch agus cuntasaíochta ábhartha eile atá i mír 1a***.
	Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 20a – mír 1a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1 a. Tabharfaidh cuideachta bainistíochta tuarascáil go tráthrialta d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile maidir le socruithe tarmligin a bhaineann le

bainistiú punainne nó feidhmeanna bainistíochta riosca agus go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(i) faisnéis faoi na heintitis ar tarmligeadh na feidhmeanna sin chucu (ainm agus aitheantóir eintitis dhlíthiúil gach toscaire, a dhlínse bunaíochta agus, i gcás inarb iomchuí, a údarás maoirseachta);

(ii) faisnéis faoin bhfeidhm a tarmligeadh, an cineál tarmligin (iomlán nó páirteach), agus dáta an chomhaontaithe nó an chonartha tarmligin;

(iii) i gcás ina mbeidh socruithe fotharmligin i bhfeidhm, an fhaisnéis chéanna maidir leis na fothoscaireachtaí agus na feidhmeanna arna bhfotharmligean;

(iv) dáta theacht i gcrích agus dáta éaga na socruithe tarmligin agus na socruithe fotharmligin;

(v) tuairisc ar na bearta díchill chuí tréimhsiúla arna ndéanamh ag an gcuideachta bainistíochta chun maoirsiú, faireachán agus rialú a dhéanamh ar an toscaire, lena n-áirítear dáta feidhmíochta na mbeart sin, na saincheisteanna a sainaithníodh agus, más iomchuí, na bearta agus an amlíne a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 20 a – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin	Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeáin

theicniúla rialála ina sonrófar na mionsonraí atá le tuairisciú i gcomhréir le ***mír 1***. Cuirfidh ÚEUM san áireamh ceanglais tuarascála eile a bhfuil na cuideachtaí bainistíochta faoina réir agus an tuarascáil eisithe i gcomhréir le hAirteagal 20b.	theicniúla rialála ina sonrófar na mionsonraí atá le tuairisciú i gcomhréir le ***míreanna 1 agus 1a den Airteagal seo***. Cuirfidh ÚEUM san áireamh ceanglais tuarascála eile a bhfuil na cuideachtaí bainistíochta faoina réir agus an tuarascáil eisithe i gcomhréir le hAirteagal 20b.

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 20a – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) na caighdeáin formáide agus sonraí le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i ***mír 1***;	(a) na caighdeáin formáide agus sonraí le haghaidh na dtuarascálacha dá dtagraítear i ***míreanna 1 agus 1a***;

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 20a – mír 3 – fomhír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) modhanna agus socruithe chun na tuarascálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 1a a thíolacadh, lena n-áirítear modhanna agus socruithe chun feabhas a chur ar chaighdeánú sonraí agus comhroinnt agus úsáid éifeachtúil sonraí a thuairiscítear cheana laistigh d'aon chreat tuairiscithe de chuid an Aontais ag aon údarás inniúil ábhartha, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta.

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 20a – mír 3 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Nuair a bheidh na dréachtchaighdeáin theicniúla sin á bhforbairt, cuirfidh ÚEUM san áireamh forbairtí idirnáisiúnta agus caighdeáin idirnáisiúnta a comhaontaíodh ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal domhanda mar aon le torthaí na tuarascála a eisíodh i gcomhréir le hAirteagal 20b.

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe a
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 22a – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) d'fheidhmigh an taisce gach scil, cúram agus dícheall cuí agus aon tríú páirtí á roghnú agus á gceapadh a bhfuil sé beartaithe aici codanna dá cúraimí a tharmligean chuige, cé is moite de chás inar taisclann lárnach urrús é an tríú páirtí sin ag gníomhú di cáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear in ***Airteagal 1, pointe (e) de*** Rialachán Tarmligthe (AE) ***2017/392* ón gCoimisiún***, agus leanann sé de bheith ag feidhmiú gach scil, cúram agus dícheall cuí san athbhreithniú tréimhsiúil agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar aon tríú páirtí a ndearna codanna dá chúraimí a tharmligean chuige agus i socruithe an tríú páirtí i leith na gcúrsaí arna dtarmligean	(c) d'fheidhmigh an taisce gach scil, cúram agus dícheall cuí agus aon tríú páirtí á roghnú agus á gceapadh a bhfuil sé beartaithe aici codanna dá cúraimí a tharmligean chuige, cé is moite de chás inar taisclann lárnach urrús é an tríú páirtí sin ag gníomhú di cáil CSD eisitheora mar a shainítear ***sa ghníomh*** tarmligthe ***arna ghlacadh ar bhonn Airteagail 29(3) agus 48(10) de*** Rialachán (AE) ***Uimh. 909/2014*** agus leanann sé de bheith ag feidhmiú gach scil, cúram agus dícheall cuí san athbhreithniú tréimhsiúil agus faireachán leanúnach a dhéanamh ar aon tríú páirtí a ndearna codanna dá chúraimí a tharmligean chuige agus i socruithe an tríú páirtí i leith

chuige.

na gcúrsaí arna dtarmligean chuige.

_____

**** Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2017/392 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i dtaca le ceanglais údarúcháin, mhaoirseachta agus oibríochtúla le haghaidh taisclanna lárnacha urrús (IO L 65, 10.3.2017, lch. 48)';***

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6 – pointe b
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 22a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Chun críocha na míre seo, ní mheasfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taisce é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainmhínítear in ***Airteagal 1, pointe (e)*** de Rialachán Tarmligthe (AE) ***2017/392 ón gCoimisiún***. ;	4. Chun críocha na míre seo, ní mheasfar gur tarmligean feidhmeanna cumhdaigh na taisce é soláthar seirbhísí ag taisclann lárnach urrús ag gníomhú di i gcáil CSD eisitheora mar a shainítear ***sa ghníomh*** tarmligthe ***arna ghlacadh ar bhonn Airteagail 29(3) agus 48(10) de*** Rialachán (AE) ***Uimh. 909/2014***. ;

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 84 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ar mhaithe leis na sealbhóirí aonad nó leis an bpobal, féadfaidh údaráis inniúla Ballstát baile GCUI a cheangal ar GCUI uirlis bainistithe leachtachta a ghníomhachtú dá dtagraítear i bpointí 1 nó 2 d'Iarscríbhinn IIA nó a roghnaigh GCUI agus ar chuir GCUI ar an eolas faoi i gcomhréir le hAirteagal 18a(2), cibé acu is mó atá oiriúnach agus cineál GCUI agus na rioscaí a thugann gur gá an beart seo a bheith ann á gcur san áireamh.	(b) ar mhaithe leis na sealbhóirí aonad nó leis an bpobal***, in imthosca eisceachtúla agus tar éis dul i gcomhairle le GCUI,*** féadfaidh údaráis inniúla Ballstát baile GCUI a cheangal ar GCUI uirlis bainistithe leachtachta a ghníomhachtú dá dtagraítear i bpointí 1 nó 2 d'Iarscríbhinn IIA nó a roghnaigh GCUI agus ar chuir GCUI ar an eolas faoi i gcomhréir le hAirteagal 18a(2), cibé acu is mó atá oiriúnach agus cineál GCUI agus na rioscaí a thugann gur gá an beart seo a bheith ann á gcur san áireamh.

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 84 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh GCUI na húdaráis inniúla seo a leanas ar an eolas, gan mhoill, ***nuair a dhéanann sé uirlis bainistithe leachtachta a ghníomhachtú dá dtagraítear i mír 2, pointe (a):*** údaráis inniúla ***a*** Bhallstáit baile agus údaráis inniúla na mBallstát uile ina margaíonn sé a aonaid.	***I gcás ina*** n-úsáideann GCUI ***ceann de na huirlisí bainistithe leachtachta a liostaítear ag pointí 1 go 4 den liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIA, i gcásanna struis leachtachta,*** tabharfaidh ***sé*** fógra gan mhoill d'údaráis inniúla a Bhallstáit baile agus d'údaráis inniúla na mBallstát uile ina margaíonn sé a aonaid.

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 84 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile GCUI, gan mhoill, ÚEUM ***agus BERS*** ar an eolas faoi aon fhógraí a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo.	Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile GCUI, gan mhoill, ÚEUM ar an eolas faoi aon fhógraí a fhaightear i gcomhréir leis an mír seo. ***Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile GCUI, BERS ar an eolas má tá aon riosca féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais.***

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 84 – mír 3a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3a. Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile GCUI fógra d'údaráis inniúla na mBallstát uile ina margaíonn GCUI a aonaid, do ÚEUM ***agus do BERS*** sula ndéanfaidh siad cumhachtaí a fheidhmiú de bhun mhír 2, pointe (b).	3a. Tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát baile GCUI fógra d'údaráis inniúla na mBallstát uile ina margaíonn GCUI a aonaid, do ÚEUM sula ndéanfaidh siad cumhachtaí a fheidhmiú de bhun mhír 2, pointe (b). ***Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát baile GCUI, BERS ar an eolas má tá aon riosca féideartha ann do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais.***

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 84 – mír 3b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3b. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina margaíonn GCUI a aonaid a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile GCUI cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos i mír 2, pointe (b), agus sonróidh sé na cúiseanna leis an iarraidh sin agus tabharfaidh sé fógra do ÚEUM agus do BERS ina leith sin.	3b. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina margaíonn GCUI a aonaid a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile GCUI cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos i mír 2, pointe (b), agus sonróidh sé na cúiseanna leis an iarraidh sin agus tabharfaidh sé fógra do ÚEUM***, i gcás ina bhfuil aon riosca féideartha do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais,*** agus fógra do BERS ina leith sin.

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 84 – mír 3c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3c. I gcás nach n-aontaíonn údarás inniúil Bhallstát óstach GCUI leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 3b, cuirfidh sé an t-údarás inniúil iarrthach, ÚEUM agus BERS ina leith sin ar an eolas faoi, agus sonróidh sé na cúiseanna leis an easaontas.	3c. I gcás nach n-aontaíonn údarás inniúil Bhallstát óstach GCUI leis an iarraidh dá dtagraítear i mír 3b, cuirfidh sé an t-údarás inniúil iarrthach, ÚEUM agus***, i gcás ina bhfuil aon riosca féideartha do chobhsaíocht agus do shláine an chórais airgeadais,*** BERS ar an eolas faoi, agus sonróidh sé na cúiseanna leis an easaontas.

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 84 – mír 3f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3f. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeán theicniúla rialála lena léirítear na cásanna ina bhféadfaidh na húdaráis inniúla na cumhachtaí a leagtar amach i mír 2, pointe (b) a fheidhmiú. Agus ÚEUM ag forbairt na gcaighdeán sin, cuirfidh sé san áireamh impleachtaí na hidirghabhála maoirseachta sin le haghaidh cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas.	3f. Forbróidh ÚEUM dréachtchaighdeán theicniúla rialála lena léirítear na cásanna ina bhféadfaidh na húdaráis inniúla na cumhachtaí a leagtar amach i mír 2, pointe (b) a fheidhmiú. Agus ÚEUM ag forbairt na gcaighdeán sin, cuirfidh sé san áireamh impleachtaí na hidirghabhála maoirseachta sin le haghaidh cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht airgeadais i mBallstát eile nó san Aontas. ***Leis na caighdeáin sin, aithneofar gur ar GCUI i gcónaí an phríomhfhreagracht as bainistiú priacail leachtachta agus gur rogha dheireanach í idirghabháil na n-údarás inniúil.***

Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 98 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach GCUI a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile GCUI, gan mhoill, cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos i mír 2, lena sonraítear na cúiseanna lena iarraidh agus lena dtugtar fógra do ÚEUM faoi agus má tá aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cobhsaíocht agus sláine an chórais airgeadais, do BERS ina leith sin.	Féadfaidh údarás inniúil Bhallstát óstach GCUI a iarraidh ar údarás inniúil Bhallstát baile GCUI, gan mhoill***, in imthosca eisceachtúla,*** cumhachtaí a fheidhmiú a leagtar síos i mír 2, lena sonraítear na cúiseanna lena iarraidh agus lena dtugtar fógra do ÚEUM faoi agus má tá aon rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cobhsaíocht agus sláine an chórais airgeadais, do BERS ina leith sin.

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh Treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10
Treoir 2009/65/CE
Airteagal 101a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh ÚEUM***, ar bhonn tráthrialta agus gach 2 bhliain ar a laghad,*** anailís piara-athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 13. Díreofar san anailís piara-athbhreithnithe sin ar na bearta arna nglacadh ionas nach mbeidh cuideachtaí bainistíochta ina n-eintitis bosca poist, cuideachtaí a dhéanann feidhmiú bainistithe punainne nó bainistithe priacail a tharmligean chuig tríú páirtithe atá lonnaithe i dtríú tíortha.	1. ***Faoin ... [12 mhí roimh dháta an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 110a], agus thairis sin de réir mar is gá***, déanfaidh ÚEUM anailís piara-athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí maoirseachta na n-údarás inniúil i ndáil le cur i bhfeidhm Airteagal 13. Díreofar san anailís piara-athbhreithnithe sin ar na bearta arna nglacadh ionas nach mbeidh cuideachtaí bainistíochta ina n-eintitis bosca poist, cuideachtaí a dhéanann feidhmiú bainistithe punainne nó bainistithe priacail a tharmligean chuig tríú páirtithe atá lonnaithe i dtríú tíortha.

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn V – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
IONSTRAIMÍ BAINISTITHE LEACHTACHTA ATÁ AR FÁIL DO BCIManna A BHAINISTÍONN CIManna NEAMHIATA	***UIRLISÍ*** BAINISTITHE LEACHTACHTA ATÁ AR FÁIL DO BCIManna A BHAINISTÍONN CIManna NEAMHIATA

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn V – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní: tugann fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní le tuiscint nach bhfuil infheisteoirí in ann, go sealadach, scaireanna ciste a fhuascailt ná a cheannach.	(1) Fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní: tugann fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní le tuiscint nach bhfuil infheisteoirí in ann, go sealadach, ***aonaid chiste nó*** scaireanna ciste a fhuascailt ná a cheannach.

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn V – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Geataí fuascailte: srian sealadach is ea geata fuascailte ar cheart scairshealbhóirí chun a gcuid scaireanna a fhuascailt. ***Féadfaidh*** an srian sin ***a bheith iomlán, ionas nach féidir le hinfheisteoirí a gcuid scaireanna a fhuascailt ar chor ar bith***.	(2) Geataí fuascailte: srian sealadach is ea geata fuascailte ar cheart scairshealbhóirí chun a gcuid ***aonad nó*** scaireanna a fhuascailt. Tá an srian sin páirteach, ionas nach bhféadfaidh infheisteoirí ach cuid áirithe dá ***n-aonad*** nó dá scaireanna a fhuascailt.

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn V – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Tréimhsí fógra: tagraíonn tréimhse fógra don tréimhse réamhfhógra nach mór d'infheisteoirí a thabhairt do bhainisteoirí ciste nuair a bhíonn a gcuid scaireanna á bhfuascailt acu.	(3) Tréimhsí fógra: tagraíonn tréimhse fógra don tréimhse réamhfhógra nach mór d'infheisteoirí a thabhairt do bhainisteoirí ciste nuair a bhíonn a gcuid ***aonad nó*** scaireanna á bhfuascailt acu.

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn V – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Táillí fuascailte: táille is ea táille fuascailte a mhuirearaítear ar infheisteoirí nuair a bhíonn a gcuid scaireanna á bhfuascailt acu.	(4) Táillí fuascailte: Táille ***réamhshocraithe*** is ea táille fuascailte a mhuirearaítear ar infheisteoirí nuair a bhíonn a gcuid ***aonad nó*** scaireanna á bhfuascailt acu.

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn V – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Luascphraghsáil: is féidir luascphraghsáil a úsáid chun praghas na scaireanna i gciste infheistíochta a athrú chun go léireoidh sé costas na n-idirbheart a eascraíonn as gníomhaíocht infheisteoirí.	(5) Luascphraghsáil: is féidir luascphraghsáil a úsáid chun praghas ***na n-aonad nó*** na scaireanna i gciste infheistíochta a athrú chun go léireoidh sé costas na n-idirbheart a eascraíonn as gníomhaíocht infheisteoirí.

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn II
Treoir 2011/61/AE
Iarscríbhinn V – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tobhach frithchaolúcháin: muirear is ea an tobhach frithchaolúcháin atá iníoctha leis an gciste agus a chuirtear i bhfeidhm ar infheisteoirí aonair atá i mbun idirbheart chun infheisteoirí eile a chosaint ar iompar na gcostas a bhaineann le sócmhainní a cheannach ná a dhíol mar gheall ar insreafaí agus eis-sreafaí móra. Níl aon athrú ar luach scaireanna an chiste i gceist leis an tobhach frithchaolúcháin.	(6) Tobhach frithchaolúcháin: muirear is ea an tobhach frithchaolúcháin atá iníoctha leis an gciste agus a chuirtear i bhfeidhm ar infheisteoirí aonair atá i mbun idirbheart chun infheisteoirí eile a chosaint ar iompar na gcostas a bhaineann le sócmhainní a cheannach ná a dhíol mar gheall ar insreafaí agus eis-sreafaí móra. Níl aon athrú ar luach ***aonaid nó*** scaireanna an chiste i gceist leis an tobhach frithchaolúcháin. ***Déanfar an tobhach a ríomh agus na costais leanúnacha leachtachta agus dálaí leanúnacha sa mhargadh á gcur san áireamh.***

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn IV
Treoir 2009/65/CE
Iarscríbhinn IIA – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
IONSTRAIMÍ BAINISTITHE LEACHTACHTA ATÁ AR FÁIL DO GCUInna	***UIRLISÍ*** BAINISTITHE LEACHTACHTA ATÁ AR FÁIL DO GCUInna

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn IV
Treoir 2009/65/CE
Iarscríbhinn IIA – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní: tugann fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní le tuiscint nach bhfuil infheisteoirí in ann, go sealadach, ***scaireanna*** ciste a fhuascailt ná a cheannach.	(1) Fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní: tugann fionraí fuascailtí agus suibscríbhinní le tuiscint nach bhfuil infheisteoirí in ann, go sealadach, ***aonaid*** chiste a fhuascailt ná a cheannach.

Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn IV
Treoir 2009/65/CE
Iarscríbhinn IIA – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Geataí fuascailte: srian sealadach is ea geata fuascailte ar cheart ***scairshealbhóirí*** chun a gcuid ***scaireanna*** a fhuascailt. ***Féadfaidh*** an srian sin ***a bheith iomlán, ionas nach féidir le hinfheisteoirí a gcuid scaireanna a fhuascailt ar chor ar bith***.	(2) Geataí fuascailte: srian sealadach is ea geata fuascailte ar cheart ***sealbhóirí aonad*** chun a gcuid ***aonad*** a fhuascailt. Tá an srian sin páirteach, ionas nach bhféadfaidh infheisteoirí ach cuid áirithe dá ***n-aonad*** a fhuascailt.

Or. en

Leasú 113

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn IV
Treoir 2009/65/CE
Iarscríbhinn IIA – pointe 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Tréimhsí fógra: tagraíonn tréimhse fógra don tréimhse réamhfhógra nach mór d'infheisteoirí a thabhairt do bhainisteoirí ciste nuair a bhíonn a gcuid ***scaireanna*** á bhfuascailt acu.	(3) Tréimhsí fógra: tagraíonn tréimhse fógra don tréimhse réamhfhógra nach mór d'infheisteoirí a thabhairt do bhainisteoirí ciste nuair a bhíonn a gcuid ***aonad*** á bhfuascailt acu.

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn IV
Treoir 2009/65/CE
Iarscríbhinn IIA – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Táillí fuascailte: táille is ea táille fuascailte a mhuirearaítear ar infheisteoirí nuair a bhíonn a gcuid ***scaireanna*** á bhfuascailt acu.	(4) Táillí fuascailte: táille is ea táille fuascailte a mhuirearaítear ar infheisteoirí nuair a bhíonn a gcuid ***aonad*** á bhfuascailt acu.

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn IV
Treoir 2009/65/CE
Iarscríbhinn IIA – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Luascphraghsáil: is féidir luascphraghsáil a úsáid chun praghas na ***scaireanna*** i gciste infheistíochta a athrú chun go léireoidh sé costas na n-idirbheart a eascraíonn as gníomhaíocht infheisteoirí.	(5) Luascphraghsáil: is féidir luascphraghsáil a úsáid chun praghas na ***n-aonad*** i gciste infheistíochta a athrú chun go léireoidh sé costas na n-idirbheart a eascraíonn as gníomhaíocht infheisteoirí.

Or. en

Leasú 116

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn IV
Treoir 2009/65/CE
Iarscríbhinn IIA – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Tobhach frithchaolúcháin: muirear is ea an tobhach frithchaolúcháin atá iníoctha leis an gciste agus a chuirtear i bhfeidhm ar infheisteoirí aonair atá i mbun idirbheart chun infheisteoirí eile a chosaint ar iompar na gcostas a bhaineann le sócmhainní a cheannach ná a dhíol mar gheall ar insreafaí agus eis-sreafaí móra. Níl aon athrú ar luach ***scaireanna*** an chiste i gceist leis an tobhach frithchaolúcháin.	(6) Tobhach frithchaolúcháin: muirear is ea an tobhach frithchaolúcháin atá iníoctha leis an gciste agus a chuirtear i bhfeidhm ar infheisteoirí aonair atá i mbun idirbheart chun infheisteoirí eile a chosaint ar iompar na gcostas a bhaineann le sócmhainní a cheannach ná a dhíol mar gheall ar insreafaí agus eis-sreafaí móra. Níl aon athrú ar luach ***aonaid*** an chiste i gceist leis an tobhach frithchaolúcháin.

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh Treorach
Iarscríbhinn IV
Treoir 2011/65/CE
Iarscríbhinn IIA – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Fuascailtí comhchineáil: trí bhíthin fuascailtí comhchineáil is féidir le bainisteoirí iarraidh fuascailte a chomhlíonadh trí urrúis a shealbhaíonn an ciste, seachas airgead tirim, a aistriú chuig ***scairshealbhóirí*** i mbun fuascailte.	(7) Fuascailtí comhchineáil: trí bhíthin fuascailtí comhchineáil is féidir le bainisteoirí iarraidh fuascailte a chomhlíonadh trí urrúis a shealbhaíonn an ciste, seachas airgead tirim, a aistriú chuig ***sealbhóirí aonad*** i mbun fuascailte.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Cúlra an togra ón gCoimisiún

Glacadh an Treoir maidir le Bainisteoir Cistí Infheistíochta Malartacha (AIFMD) in 2011 i ndiaidh na géarchéime airgeadais domhanda, chun a áirithiú go ndéantar maoirseacht agus bainistiú comhleanúnach ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cistí infheistíochta malartacha (CIManna), agus chun cosaint a thabhairt d'infheisteoirí.

Éilítear le hAirteagal 69 den Treoir go ndéanfaí athbhreithniú ar a cur i bhfeidhm, a tionchar agus a raon feidhme. Sa chomhthéacs sin, chuir an Coimisiún Eorpach tuarascáil agus measúnú mionsonraithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh i mí an Mheithimh 2020. Sa mheastóireacht 'as a chéile' ar an Treoir atá le fáil sa Mheasúnú Tionchair ón gCoimisiún fionntar gur éirigh leis an Treoir a cuid cuspóirí a bhaint amach den chuid is mó, ach go bhféadfadh sí tairbhe a bhaint as feabhsuithe áirithe i réimsí nár tugadh aghaidh orthu go leordhóthanach in 2011 nó a d'athraigh go mór ó shin i leith.

I bhfianaise an mhéid sin, an 24 Meán Fómhair 2020 ghlac an Coimisiún plean gníomhaíochta nua maidir le hAontas na Margaí Caipitil.

Tá sé tugtha le fios ag an gCoimisiún, sa chomhthéacs reatha, go bhfuil gá níos mó ná riamh le hAontas na Margaí Caipitil a chomhlánú. Chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID-19 agus tráth atá fogha leanúnach á thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, tá foinsí cistiúcháin agus infheistíochta atá domhain, iomaíoch, éifeachtúil agus iontaofa de dhíth ar an Aontas agus a d'fhéadfadh margaí caipitil comhtháite a thairiscint.

I gcomhréir le conclúidí a thuarascála, lena mheasúnú agus lena phlean gníomhaíochta maidir le hAontas na Margaí Caipitil, nocht an Coimisiún an 25 Samhain 2021 a thogra lena leasaítear Treoracha 2011/61/AE agus 2009/65/CE maidir le socruithe tarmligin, bainistiú priacail leachtachta, tuairisciú maoirseachta, soláthar seirbhísí taisce agus cumhdaigh agus tionscnamh iasachta ag cistí infheistíochta malartacha

Is tionscnamh den chlár um oiriúnacht agus feidhmíocht rialála (REFIT) é an togra seo ón gCoimisiún, mar chuid de chlár oibre an Choimisiúin do 2021 agus den dearbhú comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha. Tá roinnt gnéithe ábhartha freisin maidir le scéimeanna comhinfheistíochta miondíola, arna rialú ag an Treoir a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfheistíocht in urrúis inaistrithe (GCUI) agus, dá bhrí sin, tá sé beartaithe iad a leasú freisin chun comhleanúnachas a áirithiú le AIFMD.

Tá an t-athbhreithniú ar AIFMD in éineacht leis an Treoir maidir le GCUI ina gcuid riachtanach de thionscadal Aontas na Margaí Caipitil, ceann de na huaillmhianta is mó atá ag an Aontas ó 2015 i leith.

An togra ón gCoimisiún

Sa togra ón gCoimisiúin Eorpach, a bhfuil sé mar aidhm aige, den chéad uair ó thug sé

freagairt pholaitiúil ar an ngéarchéim airgeadais dhomhanda, athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na n-ionstraimí sin san Aontas d'fhonn an córas airgeadais Eorpach a neartú. Is díol sásaimh don Rapóirtéir tiomantas an Choimisiúin Eorpaigh pacáiste reachtach Aontas na Margaí Caipitil a sheoladh mí na Samhna 2021 seo caite agus measann sé gur céim riachtanach é chun Aontas na Margaí Caipitil a thabhairt chun críche.

De dheasca na géarchéime domhanda arbh í paindéim COVID-19 ba chúis léi, is léir fós an luach intreach atá ag margaí caipitil dár dteaghlaigh agus dár ngnólachtaí mar mhodh maoinithe. Tá sé léirithe go bhfuil córas láidir baincéireachta san Eoraip ríthábhachtach, ach ní leor é chun freagairt láidir ónár margaí ar shuaitheadh nó ar ghéarchéim gan choinne a áirithiú. Is uirlis bhunúsach iad margaí caipitil chun ár gcuideachtaí a athchaipitliú agus chun tacú le téarnamh gheilleagar na hEorpa sna tréimhsí cinniúnacha sin.

Maidir leis an athbhreithniú atá beartaithe, is fiú aird a thabhairt ar na tairbhí a bhaineann le cistí infheistíochta malartacha agus meáin chomhinfheistíochta in urrúis inaistrithe mar uirlisí chun punanna infheistíochta a éagsúlú agus mar ionstraimí chun coigiltis d'infheisteoirí a chur chun cinn. I mbeagán focal, tá sé i gceist leis an Treoir seo roinnt de na mórdhúshláin agus de na mórchuspóirí a leagtar amach i bplean gníomhaíochta 2020 an Choimisiúin Eorpaigh ó seoladh tionscadal Aontas na Margaí Caipitil a chomhlíonadh.

Tá margadh na mbainisteoirí sócmhainní san Eoraip ag feidhmiú go maith agus is réigiún é an tAontas Eorpach a mheallann oibríochtaí móra agus bainisteoirí idirnáisiúnta ar mian leo infheistíocht a dhéanamh inár margaí De réir na tuarascála ó ÚEUM, *Annual Statistical Report on EU Alternative Investment Funds* [Tuarascáil Bhliantúil Staidrimh ar Chistí Infheistíochta Malartacha an Aontais Eorpaigh], lean méid mhargadh Chistí Infheistíochta Malartacha an Aontais Eorpaigh (AIF) de bheith ag leathnú chun glanluach sócmhainní 5.9tn a shroicheadh ag deireadh 2020, arb ionann é agus aon trian de thionscal chistí an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch ar an dáta céanna.

Agus aird á tabhairt ar an ar an treocht aníos le haghaidh an tionscail seo, a bhfuil méadú 8 % tagtha air le linn na tréimhse céanna in 2019, ach atá fós faoi bhun margaí eile amhail na Stáit Aontaithe, tá sé ríthábhachtach machnamh a dhéanamh ar cad ba cheart a dhéanamh chun leanúint d'fhás na hearnála sin a éascú ó thaobh méid agus cáilíochta de, ar luas a fhágfaidh go mbeidh an tAontas ina réigiún níos iomaíche.
Tá méadú mór tagtha ar mhargaí caipitil na hEorpa le blianta beaga anuas, ach tá neart deiseanna fáis ann fós. Tá an tAontas Eorpach ag feidhmiú agus ag dul san iomaíocht i margadh domhanda agus ní mór d'fhorbairt a chuid tionscail céim ar aghaidh eile a thabhairt anois.

Seasamh an Rapóirtéara

Na leasuithe atá molta ag an rapóirtéir sa dréacht-tuarascáil seo, tháinig siad as dianstaidéar ar an ábhar agus as plé fairsing le rialtóirí, maoirseoirí agus geallsealbhóirí éagsúla. Is é cuspóir deiridh thogra an rapóirtéara ná fás mhargadh an bhainisteora sócmhainní san Eoraip a fheabhsú agus a éascú.

Leis na leasuithe atá sa dréacht-tuarascáil seo, tá an Rapóirtéir ag dréim go bhféadfaidh na margaí caipitil Eorpacha, go háirithe i dtaca le cistí infheistíochta malartacha agus gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe, feabhas a chur ar a bhfeidhmiú trína bhfás

agus iomaíochas domhanda a chur chun cinn.

Is freagairt í an dréacht-tuarascáil seo ar an togra ón gCoimisiún, lena bhféachtar le cuspóir chomhtháthú margaí caipitil Eorpacha a chomhlánú agus cur leis an gcuspóir sin. Sa chiall sin, don rapóirtéar is iad seo a leanas na príomhréimsí feabhais:

- **Tarmligean agus tuairisciú maoirseachta.** Measann an rapóirtéir gur cuid bhunriachtanach de ghníomhaíocht BCIManna é an tarmligean. Cuireann an tarmligean ar chumas bainisteoirí sócmhainní ciste a bhunú san Aontas agus bainistiú punainne nó bainistiú riosca a dhéanamh ó dhlínsí eile. Chun an ghníomhaíocht sin a chur chun cinn, déantar iarracht sa dréacht-tuarascáil cóimheá a aimsiú gan ualach a chur ar an bpróiseas sin, agus cumhachtaí tuairiscithe cuimsitheacha a thabhairt d'údaráis inniúla ag an am céanna.

- **Uirlisí bainistithe leachtachta (UBLanna).** Is díol sásaimh don Rapóirtéir go ndéantar na huirlisí sin a leathnú agus a chur ar fáil ar bhonn uile-Eorpach chun margaí a dhéanamh níos leachtaí agus níos tarraingtí d'infheisteoirí. Is é is aidhm do na leasuithe atá beartaithe ar an togra ón gCoimisiún Eorpach a shoiléiriú gur ar an mbainisteoir atá an phríomhfhreagracht maidir le cinneadh a dhéanamh i leith uirlisí bainistithe leachtachta. Dá bhrí sin, ba cheart aon ról a bheadh ag na húdaráis inniúla chun UBLanna a ghníomhachtú nó a dhíghníomhachtú a theorannú d'imthosca urghnácha, tar éis dul i gcomhairle leis an mbainisteoir.

- **Cistí lena dtionscnaítear iasachtaí.** Is díol sásaimh don Rapóirtéir go bhféadfadh margaí Eorpacha an réimse sin a fhorbairt. D'éirigh le cistí lena dtionscnaítear iasachtaí áit a bhaint amach dóibh féin ina n-ionstraim airgeadais mhalartaigh an-dearfach don fhíorgheilleagar, do FBManna agus d'infheisteoirí eile. Ar an gcúis sin, tá sé d'aidhm ag na leasuithe a mholtar sa dréacht-tuarascáil seo deireadh a chur le coinneáil riosca gan ghá agus foláireamh a thabhairt nár cheart rialacha sonracha a chruthú do na táirgí sin.

- **Seirbhísí taisclainne.** Tá an rapóirtéir ar an eolas faoin bpríomhfheidhm atá ag seirbhísí taisclainne do dhea-fheidhmiú thionscal na gcistí. Faoi thionchar phrionsabal iomaíochas agus chomhtháthú na margaí, tá sé beartaithe leis na hathruithe atá beartaithe an bealach a réiteach do sheirbhísí taisclainne níos éifeachtúla a bheith ann idir na Ballstáit. Tugann an rapóirtéir spreagadh don Choimisiún Eorpach staidéar cuimsitheach a sheoladh ar chostas, ar thairbhí agus ar indéantacht pas taisce san Aontas.

- **Trédhearcacht, bailiú sonraí agus nochtadh**. Cuireann an rapóirtéir chun cinn córas iomlán trédhearcach ina ráthaítear go hiomlán bailiú sonraí agus nochtadh d'infheisteoirí ach gan an bonn a bhaint d'fhás agus d'iomaíochas margaí caipitil Eorpacha. Ba cheart an comhar idir ÚINanna agus ÚEUM a fheabhsú agus a shimpliú chun dúbláil a sheachaint, chun cáilíocht na faisnéise tuairiscithe a áirithiú agus chun córas cóineasaithe maoirseachta a dhéanamh níos éifeachtúla.

Ag tosú leis an dréacht-tuarascáil seo agus le tuilleadh comhair leis na grúpaí polaitiúla eile ina dhiaidh sin, tá muinín ag an Rapóirtéir go dtiocfaidh neartú earnáil na hEorpa agus fás thionscal na gcistí infheistíochta malartacha agus na ngnóthas le haghaidh comhinfheistíochta

in urrúis inaistrithe as an bpróiseas sin.

Is éard a bheidh i bhfreagairt Pharlaimint na hEorpa ná freagairt dhaingean a bheidh dírithe ar an sprioc atá ann caipiteal a dhéanamh níos inrochtana san Eoraip, chun a áirithiú go mbeidh a ndóthain dreasachtaí ag bainisteoirí chun a n-oibríochtaí a chur faoi lán seoil agus chun an modh maoirseachta is éifeachtúla a bhaint amach chun cobhsaíocht sna margaí agus timpeallacht shábháilte a áirithiú d'infheisteoirí.